PLEAN DLÍ AGUS CIRT 2022

An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice

Réamhrá an Aire

Nuair a d'fhoilsigh mé Plean Dlí agus Cirt 2021 anuraidh, bhí mé dóchasach go gcuirfeadh sé ar ár gcumas dúinne san earnáil dlí agus cirt féachaint ar chúrsaí níos faide anonn ná an phaindéim.

Creidim gur éirigh linn é sin a dhéanamh óir is iomaí beartas a chuireamar i bhfeidhm le bliain anuas agus leagamar na dúshraitheanna le haghaidh athchóirithe eile amach anseo.

Tá cuid mhór de na beartais i bPlean Dlí agus Cirt 2021 tugtha isteach cheana féin, mar atá an scéim tugtha chun rialtachta dóibh siúd atá gan cáipéisí, scéim atá ar oscailt anois agus ag glacadh le hiarratais. Tá tionchar ag na gníomhartha seo ar shaol daoine.

Chuireamar tús le cineálacha eile athchóirithe fosta, dlíthe ceadúnúcháin seanfhaiseanta na tíre a athchóiriú ina measc, agus é mar aidhm againn reachtaíocht nua a achtú i mbliana.

Bhíomar ag dul i ngleic le Covid-19 i rith 2021, áfach.

Dúshlán a bhí sa phaindéim fós, dúshlán a d'fhan i réim inár saol ó lá go lá. Mar sin féin, léirigh na heagraíochtaí éagsúla san earnáil dlí agus cirt na caighdeáin is airde agus iad ag freastal ar an bpobal.

Agus céim eile den phaindéim ann anois, creidim go bhfuil na gníomhartha praiticiúla le fáil i bPlean Dlí agus Cirt 2022 chun tacú leis an sprioc atá agam córas dlí agus cirt a rachaidh chun leasa do chách a chothú.

Bíonn dúshláin nua ann i gcónaí agus, ar ndóigh, beidh an Roinn seo ar thús cadhnaíochta mar chuid de fhreagairt na hÉireann ar an méid atá ag titim amach mar gheall ar ionradh millteanach uafásach na Rúise ar an Úcráin.

An fhreagracht is mó atá orainne san earnáil dlí agus cirt ná muintir agus Stát na hÉireann a chosaint agus táimid millteanach faichilleach i láthair na huaire faoi aon bhagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann.

Chomh maith leis sin, beimid ar thús cadhnaíochta, sa bhaile agus san Aontas Eorpach, ó thaobh freagairt don ghéarchéim dhaonnúil atá ag titim amach de réir a chéile, muid ag tabhairt foscadh dár gcairde ón Úcráin atá ag iarraidh a bheith sábháilte in am seo an ghátair.

Caithfimid a bheith ag súil lena bhfuil i ndán dúinn agus dearadh na cúig sprioc uileghabhálacha leis na nithe seo a bhaint amach:

- Dul i ngleic leis an gcoireacht, an tslándáil náisiúnta a fheabhsú agus an phóilíneacht a athrú ó bhonn
- Rochtain ar an gceartas a fheabhsú agus córas na gcúirteanna a nuachóiriú
- Sábháilteacht pobail a láidriú, athchiontú a laghdú, tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh agus dul i ngleic le foréigean baile, gnéasach agus foréigean ar bhonn inscne
- Córas cóir inimirce a bhaint amach don aois dhigiteach.
- Dlús a chur leis an nuálaíocht, le claochlú digiteach agus le gníomhú ar son na haeráide in earnáil an cheartais go ginearálta

Tá líon uaillmhianach gníomhartha leagtha amach againn arís lena mbaint amach i mbliana.

Cuirfimid acmhainní breise ar fáil ar bhonn leanúnach le tacaíocht a thabhairt don Gharda Síochána ár bpobail a chosaint ar choireacht agus seirbhís níos láidre agus níos éagsúla a bhaint amach. Tá sé cothrom céad bliain ó bunaíodh an Garda Síochána i mbliana, agus táimid chun infheistíocht a dhéanamh san oiliúint agus sa teicneolaíocht, agus chun dlíthe nua a chur chun cinn chun cuidiú leis an bhfórsa tacaíocht a thabhairt do phobail láidre shábháilte.

Bliain mhór a bheidh ann i mbliana mar chuid d'iarrachtaí comhpháirteacha an Rialtais chun dul i ngleic le foréigean baile, foréigean gnéasach agus foréigean inscne. Foilseoidh mé an tríú straitéis náisiúnta don fhoréigean baile, gnéasach agus inscne san earrach.

Tabharfaidh mé féin ceannaireacht leis an straitéis a chur i ngníomh ar fud an Rialtais agus beifear ag obair sa tsochaí trí chéile ionas go mbainfear amach neamhfhulaingt ar an bhforéigean agus drochíde uafásach seo.

Chun tacú le híospartaigh cuirfear i bhfeidhm na bearta atá leagtha sa phlean "Tacaíocht ar Aistear an Íospartaigh", an plean atá forbartha agamsa chun áit lárnach a thabhairt don íospartach sa chóras ceartais choiriúil.

Déanfar Bille an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha a achtú i mbliana agus, trína bhíthin sin, tabharfar isteach na hathchóirithe is suntasaí le 25 bliain i dtaca le breithiúna a cheapadh. Nuair a fhoilseofar an tuarascáil ón Meitheal Pleanála Breithiúnaí beidh sé sin mar chuidiú againn ár n-acmhainní breithiúnacha a phleanáil, idir líon na mbreithiúna agus na scileanna atá de dhíth orthu, chomh maith le cleachtais nua-aimseartha atá mar chuidiú againn an ceartas a bhaint amach go héifeachtúil. Mar thoradh ar obair thábhachtach na Comhairle Breithiúnaí, beidh níos mó leanúnachais ann i gcás pianbhreitheanna. Tá ról ríthábhachtach ag gnáthdhaoine san obair sin.

Táim féin den tuairim gur chóir córas ceartais choiriúil a bheith againn ina mbíonn an phianbhreith ag teacht leis an gcoir agus cuirfidh mé moltaí i

láthair chun an dlí a athchóiriú i dtaca le pianbhreitheanna saoil.

Táim ag dréim le dul chun cinn suntasach a dhéanamh i mbliana le cúirt teaghlaigh a bhunú agus go n-athrófar an córas ceartais teaghlaigh ó bhonn.

Tá dul chun cinn suntasach déanta againn ag dul i ngleic le costas árachais. Tá an-difear déanta ag na treoirlínte um dhíobhálacha pearsanta chun laghdú a bhaint amach ar leibhéal na ndámhachtainí as díobhálacha pearsanta. Beimid ag leanúint ar aghaidh leis an obair sin agus ar bhearta maidir leis an dualgas cúraim, i measc nithe eile, agus táimid le taighde a fhoilsiú faoin dóigh le dul i ngleic le costais dlí.

Tá baint idir beartais agus dualgais na Roinne Dlí agus Cirt, agus earnáil an cheartais trí chéile, le cuid mhór gnéithe dár saol. Sinne a bhfuil sé mar phribhléid againn a bheith ag obair san earnáil seo, tá faill againn agus freagracht orainn an córas a fheabhsú. Táimid ag déanamh an-difear do shaol daoine cheana féin.

Mar thoradh ar Phlean Dlí agus Cirt 2022, táimid chun tuilleadh a dhéanamh le córas ceartais a bhaint amach a rachaidh chun tairbhe do chách.

Helen McEntee

Helen McEntee TD
An tAire Dlí agus Cirt

Réamhrá ón Aire Stáit

Is é is cuspóir do Phlean Dlí agus Cirt 2022 tuilleadh a dhéanamh ar na haidhmeanna i Ráiteas Straitéise na Roinne Dlí agus Cirt le go mbeidh stát againn in Eirinn a bheidh sábháilte, cothrom agus ionchuimsitheach. Cuirim fáilte roimh an aidhm atá sa phlean muid a chur i dtreo na gcúig sprioc straitéiseacha atá ag an Roinn a bhaint amach.

Sa Phlean seo, na gealltanais i gClár an Rialtais á gcur san áireamh, tugtar breac-chuntas ar an treo ginearálta dár Roinn agus dá gníomhaireachtaí sa dóigh is go gcuirfear le cumas earnáil an cheartais i gcuid mhaith réimsí.

Tá foireann na Roinne agus foireann ghníomhaireachtaí na Roinne ar thús cadhnaíochta agus muid ag iarraidh a chinntiú go rachaimid in oiriúint do dhúshláin a bhíonn ag athrú agus ag teacht chun cinn, agus go rachaimid i ngleic leo. Sa Phlean seo, aithnítear an cumas agus na láidreachtaí atá sa Roinn, i ngníomhaireachtaí na Roinne i measc na mball foirne agus an uaillmhian atá acu.

Cuirim fáilte roimh an diongbháilteacht atá sa Phlean tuilleadh feabhsuithe agus nuálaíochtaí a bhaint amach in earnáil an cheartais agus soláthar seirbhísí riachtanacha poiblí a fheabhsú. Táim cinnte go mbainfidh na baill foirne sa Roinn agus i ngníomhaireachtaí na Roinne na spriocanna amach a bhaineann leis na gníomhartha a luaitear.

Táim díograiseach go speisialta ó thaobh dul chun cinn a dhéanamh ar reachtaíocht a bhaineann le rialáil an chearrbhachais, tuilleadh dul chun cinn a bhaint amach leis an Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig a chur i bhfeidhm, iompar frithshóisialta a chomhrac agus dul i ngleic go láidir le gníomhaíocht choiriúil atá ag imirt drochthionchar ar phobail na tíre.

James Browne TD
An tAire Stáit atá freagrach as Athchóiriú an Dlí

Réamhrá ón Ard-Rúnaí

Tá Plean Dlí agus Cirt 2022 ar an dara plean ina dtugtar faoin uaillmhian atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise 2021-2023 na Roinne. Tá tosaíochtaí na Roinne sna cúig sprioc ardleibhéil ceaptha chun tacú leis an gcuspóir atá againn, is é sin stát a bheidh sábháilte, cothrom agus ionchuimsitheach againn in Éirinn. Táim bródúil as an obair a rinne comhghleacaithe liom in 2021, tráth a ndearnadh dul chun cinn suntasach ar an gclár oibre fadréimseach casta anuas ar an obair dhochreidte a rinneadh chun an fhreagairt éigeandála ar Covid-19 a bhainistiú, obair atá ar bun go fóill.

Agus muid ag cloí leis an ngealltanas atá tugtha againn i leith na trédhearcachta agus na cuntasachta san obair thábhachtach a dhéanaimid thar ceann an phobail, foilsíodh tuarascáil lár bliana ar dhul chun cinn i Lúnasa 2021. Foilseofar an tuarascáil deiridh bliana ar gach gníomh roimh i bhfad.

Tá sé luaite go soiléir againn gur próiseas atriallach atá ann na pleananna seo a fhorbairt. Agus an dara plean á fhorbairt againn, tá imscrúdú déanta againn ar chumas na heagraíochta, ar an tsolúbthacht atá againn freagairt ar dhúshláin gan choinne agus ar ár gcórais tuairiscithe agus faireacháin lena chinntiú gur plean atá i bPlean Dlí agus Cirt 2022 atá uaillmhianach agus réalaíoch ina dtugtar aitheantas don mhéid atá foghlamtha le bliain.

Agus an plean seo á fhorbairt, tugadh faoi phleanáil gnó, bainistíocht riosca agus próisis bainistíochta feidhmíochta daoine san am céanna mar chuid den fhorbairt sin, lena chinntiú go dtabharfaí tús áite don Phlean ach san am céanna go mbeimis in ann é a bhaint amach. Tá táscairí agus tomhais sa phlean anois do gach ceann de na spriocanna straitéiseacha atá againn. Cabhróidh siad sin linn tús áite a thabhairt do na príomhchuspóirí seo agus cinntí á ndéanamh agus nithe á gcur in ord tosaíochta. Déanfaidh an Bord Bainistíochta agus Airí faireachán agus athbhreithniú ar dhul chun cinn ar an méid atá bainte amach i gcaitheamh na bliana agus foilseofar tuarascálacha ar dhul chun cinn dhá uair sa bhliain. Tá tuilleadh eolais ar fhorbairt na dtáscairí sin san aguisín a ghabhann leis an bplean.

Ós rud é go bhfuil an Plean Dlí agus Cirt dírithe den chuid is mó ar thionscnaimh a bhaineann le cúrsaí reachtacha, beartais agus nuálaíochta, ní luaitear cuid mhaith den obair laethúil a dhéantar le seirbhísí fíorthábhachtacha a chur ar fáil don phobal agus do ghníomhaireachtaí in earnáil an cheartais. Tá an obair laethúil sin ríthábhachtach má táimid lenár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. Déanfaimid infheistíocht i bhforbairt na réimsí sin chomh maith sa bhliain atá romhainn. Mar chuid de sin, caithfear infheistíocht a dhéanamh inár gcórais bainistíochta faisnéise agus teicneolaíochta, forbairt atá tráthúil agus muid ag obair ar an obair chumaisc ó thaobh acmhainní agus socruithe de. Cuirfimid straitéis nua do na hAcmhainní Daonna i gcrích, tabharfaimid tacaíocht do chomhghleacaithe ag forbairt scileanna nua lenár gcultúr a láidriú agus a chaomhnú, agus beimid ag pleanáil don am atá le teacht, ag cothú buanna agus scileanna ceannaireachta ar gach leibhéal. Beimid ag obair go leanúnach lenár gcur chuige dírithe ar an gcustaiméir don soláthar seirbhíse a láidriú agus tá na hoibleagáidí atá orainn ó thaobh na haeráide de chun tosaigh i gclár corparáideach na heagraíochta.

Táim bródúil agus buíoch as dúthracht agus díograis gach comhghleacaí a léiríonn i gcónaí an dílseacht gan stad don tseirbhís phoiblí fiú má bhíonn tosca dúshlánacha pearsanta agus gairmiúla ann. Tá dúthracht, athléimneacht agus solúbthacht na heagraíochta seo againne mar bhunchloch faoi gach a ndéanaimid, bunchloch trína leanfar ar aghaidh chun freastal go fiúntach ar an Rialtas agus ar an bpobal i rith 2022.

Oonagh McPhillips
Ard-Rúnaí

Réamhrá

Tá Plean Dlí agus Cirt 2022 ar an dara ceann de shraith pleananna bliantúla ina dtabharfar cuspóirí agus gníomhartha chun athchóirithe a bhrú chun tosaigh in earnáil an cheartais trí chéile le go mbeidh córas dlí agus cirt againn a rachaidh chun tairbhe do chách.

Tugann na gníomhartha seo léargas dúinn ar thosaíochtaí an Aire, an Aire Stáit agus na Roinne don bhliain atá romhainn, atá ag teacht leis na gealltanais éagsúla atá leagtha amach i gClár an Rialtais agus i Ráiteas Straitéise na Roinne.

Éire mar stát a bheidh sábháilte, cothrom agus ionchuimsitheach atá sa ráiteas ar straitéis ón Roinn Dlí agus Cirt sna blianta 2021-2023. Sa straitéis sin, tá cúig cinn de spriocanna uileghabhálacha leagtha amach againn don Roinn i gcaitheamh na tréimhse trí bliana seo:

1. **Dul i ngleic leis an gcoireacht, an tslándáil náisiúnta a fheabhsú agus an phóilíneacht a athrú ó bhonn**
2. **Rochtain ar an gceartas a fheabhsú agus córas na gcúirteanna a nuachóiriú**
3. **Sábháilteacht pobal a láidriú, athchiontú a laghdú, tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh agus dul i ngleic le foréigean baile, gnéasach agus foréigean ar bhonn inscne**
4. **Córas cóir inimirce a sholáthar d'aois dhigiteach**
5. **Dlús a chur leis an nuálaíocht, le hathrú digiteach ón mbonn agus leis an ngníomhú ar son na haeráide ar fud na hearnála dlí agus cirt**

Ar aon dul le Plean Dlí agus Cirt 2021, tá cúig chaibidil i bPlean Dlí agus Cirt 2022, an struchtúr bunaithe ar na cúig sprioc thuas. I ngach caibidil, tugaimid na gealltanais ón ráiteas

itéise don sprioc chuí ar dtús agus achoimre ar na héachtaí is mó atá bainte amach againn faoin sprioc sin in 2021, ansin tábla mionsonraithe cuspóirí agus gníomhartha atá le baint amach in 2022.

Tá sé tábhachtach a lua nach bhfuil sna buaicphointí agus éachtaí a thugtar ó 2021, chomh maith leis na gníomhartha agus cuspóirí don bhliain atá romhainn, ach spléachadh ar an gclár cuimsitheach oibre atá ar bun sa Roinn Dlí agus Cirt. Is ar an mbeartas, reachtaíocht agus nuálaíocht atá an Plean seo dírithe lenár spriocanna straitéiseacha don chúpla bliain atá romhainn a bhaint amach. Ní thugtar cuid mhór den obair fhiúntach a dhéantar sa Roinn gach lá le fios ann, obair trína gcuirtear seirbhísí ríthábhachtacha ar fáil do bhaill den phobal agus do ghníomhaireachtaí in earnáil an cheartais.

Cuirfidh na gníomhartha atá beartaithe do 2022 leis an méid suntasach oibre a baineadh amach anuraidh faoi Phlean Dlí agus Cirt 2021. Tá gealltanas tugtha againn tuairisciú ar dhul chun cinn faoi na Pleananna Dlí agus Cirt dhá uair sa bhliain. Foilsíodh tuarascáil lár bliana ar dhul chun cinn do 2021 i Lúnasa 2021 agus foilseofar an tuarascáil deiridh bliana ar dhul chun cinn do 2021 go gairid.

Sprioc 1	**Dul i ngleic leis an gcoireacht, an tslándáil náisiúnta a fheabhsú agus an phóilíneacht a athrú ó bhonn**	Lch 10
Sprioc 2	**Rochtain ar an gceartas a fheabhsú agus córas na gcúirteanna a nuachóiriú**	Lch 21
Sprioc 3	**Sábháilteacht pobal a láidriú, athchiontú a laghdú, tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh agus dul i ngleic le foréigean baile, gnéasach agus foréigean ar bhonn inscne**	Lch 33
Sprioc 4	**Córas cothrom inimirce a bhaint amach san aois dhigiteach**	Lch 43
Sprioc 5	**Dlús a chur leis an nuálaíocht, le claochlú digiteach agus le gníomhú ar son na haeráide ar fud na hearnála dlí agus cirt**	Lch 53

Sprioc 1 Dul i ngleic leis an gcoireacht, an tslándáil náisiúnta a fheabhsú agus an phóilíneacht a athrú ó bhonn

Sprioc 1: Dul i ngleic leis an gcoireacht, an tslándáil náisiúnta a fheabhsú agus an phóilíneacht a athrú ó bhonn

An aidhm uileghabhálach leis na cuspóirí agus gníomhartha faoi Sprioc 1 ná an tsábháilteacht a fhorbairt in Éirinn mar thoradh ar choireacht a laghdú agus a chosc, muid ag obair i rith an ama leis an tslándáil náisiúnta a fheabhsú agus chun an Garda Síochána a athrú ó bhonn agus a láidriú. Sa deireadh, léiriú ar an sprioc seo a bhaint amach a bheidh sa laghdú ar an gcoireacht ar taifead, i láidreacht agus i scil fhostaithe an Gharda Síochána, dearcadh an phobail i leith sábháilteacht phearsanta sa bhaile agus sa phobal agus an mhuinín atá ag baill den phobal sa Gharda Síochána, mar atá le feiceáil i Suirbhéanna maidir le Dearcadh an Phobail ar an nGarda Síochána.

Tá na gníomhartha faoi Sprioc 1 bunaithe thart ar na cuspóirí seo -

1. 'Seirbhís Póilíneachta don Todhchaí' a chur i ngníomh chun seirbhís póilíneachta cheannródaíoch chuntasach a fhorbairt
2. Clár cuimsitheach a sholáthar chun feidhmiú an chórais ceartais choiriúil a fheabhsú
3. Beartais agus reachtaíocht níos láidre a leagan amach chun dul i ngleic leis an gcibearchoireacht, chun tacú leis an tsábháilteacht ar líne agus chun ullmhú do na dúshláin atá romhainn mar gheall ar an Intleacht Shaorga
4. Bearta a láidriú chun dul i ngleic le sceimhlitheoireacht agus le coireacht thromchúiseach agus coireacht eagraithe trí bhíthin gníomhaíocht intíre agus comhoibriú idirnáisiúnta
5. Dlí agus nós imeachta coiriúil a athchóiriú, a athbhreithniú agus a nuachóiriú chun feidhmiú éifeachtach éifeachtúil an chórais ceartais choiriúil a fheabhsú agus chun tacú leis an bhfeidhmiú sin
6. Rialachas láidir a chinntiú i ngach comhlacht san earnáil ceartais choiriúil; maoirseacht dhúshlánach thacúil a thabhairt do na comhlachtaí seo

Sa tréimhse 2021-2023, beidh an Garda Síochána ag tabhairt faoi athrú suntasach ó bhonn ionas gur fórsa póilíneachta den scoth a bheidh ann, a ndéanfaidh na moltaí ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta eolas dó. Rinneadh an-dul chun cinn air seo in 2021. D'fhoilsíomar Scéim Ghinearálta an Bhille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail anuraidh. Déanfar é a dhréachtú, a fhoilsiú agus a chur trí Thithe an Oireachtais in 2022.

In 2021, in ainneoin na ndúshlán a bhí ann mar gheall ar phaindéim COVID-19, d'éirigh leis an nGarda Síochána Gardaí agus baill foirne a earcú agus rinneadh dul chun cinn ar an gclár sibhialtachtaithe. Beidh an Roinn ag tacú leis an nGarda Síochána i gcónaí chun cur leis an éagsúlacht san eagraíocht, chun an fórsa oibre a láidriú agus lena chinntiú go mbeidh baill den Gharda Síochána in ann a bheith amuigh sa phobal, áit a mbeidh siad le feiceáil agus ar féidir leo leas a bhaint as a saineolas póilíneachta. Táimid chun reachtaíocht a fhorbairt le cumhachtaí cuardaigh, gabhála agus coinneála póilíní a chódú agus chun foráil a dhéanamh le go mbeidh an Garda Síochána in ann ceamaraí colainne a úsáid, a chuirfidh le trédhearcacht agus cuntasacht na seirbhíse póilíneachta.

In 2021, thugamar gealltanais dlíthe an Stáit a leasú chun plé leosan a dhéanann iarracht fuath, eagla agus ciapadh a scaipeadh ar bhealach ar bith, ar líne nó áit ar bith eile. Tá Dlí Coco achtaithe againn anois, trína gcuirtear cosc ar mhí-úsáid ghnéasach bunaithe ar íomhánna agus tá feachtas éifeachtach feasachta seolta againn a bhaineann le híomhánna príobháideacha a scaipeadh. Beimid ag leanúint ar aghaidh leis an obair chun an tsábháilteacht ar líne a fheabhsú sa bhliain atá le teacht, agus déanfaimid Bille a fhoilsiú chun dul i ngleic leis an gcoireacht fuatha agus gríosú chun fuatha.

Agus Plean Dlí agus Cirt 2022 á chur i bhfeidhm againn, beimid ag leanúint lenár gcuspóirí straitéiseacha a chur chun cinn le feidhmiú an chórais ceartais choiriúil a fheabhsú chun dul i ngleic le coireacht thromchúiseach agus coireacht eagraithe. Bíonn bagairtí coireachta agus cineálacha coireachta de shíor ag teacht chun tosaigh agus ag síorathrú. Mar sin, bíonn an comhar agus an comhoibriú idirnáisiúnta riachtanach. Garsprioc mhór atá ann ina thaobh sin gur nascadh Éire le Córas Faisnéise Schengen in 2021 agus tá méadú tagtha ar an líon gabhálacha cheana féin dá barr.

I rith 2022, déanfaimid athbhreithniú leanúnach ar an reachtaíocht slándála náisiúnta, déanfaimid bearta a láidriú chun dul i ngleic le sceimhlitheoireacht trí bhíthin gníomhú intíre agus comhar

idirnáisiúnta, déanfaimid reachtaíocht a dhréachtú lenár ndlíthe cibearchoireachta a láidriú agus déanfaimid reachtaíocht a rith maidir le sonraí a choinneáil chun críocha an fhorghníomhaithe choiriúil.

Beimid ag leanúint de na moltaí in Athbhreithniú Hamilton a chur i bhfeidhm in 2022 chun dul i ngleic le coireacht an bhóna bháin agus éillitheacht. Beidh siad sin mar chuid den fhorbairt ar straitéis agus plean gníomhaíochta frithéillitheachta náisiúnta. Déanfaimid forbairt ar ghníomhartha chun dul i ngleic leis an sciúradh airgid in Éirinn agus tabharfaimid faoi athbhreithniú mór chun an reachtaíocht arm tine agus pléascán a nuachóiriú.

Táimid chun Meicníocht Náisiúnta Atreorúcháin a chur ar bun d'íospartaigh na gáinneála agus Plean Gníomhaíochta Náisiúnta a fhoilsiú chun dul i ngleic leis an ngáinneáil ar dhaoine. Cuirfidh sé sin leis an dul chun cinn a rinneadh in 2021 sa réimse seo, nuair a achtaíodh an Bille um Cheartas Coiriúil (Smuigleáil ar Dhaoine) agus, chomh maith leis sin, tugadh tacaíochtaí praiticiúla breise d'íospartaigh agus ENRanna in 2021.

Déanfaimid Athbhreithniú Straitéiseach ar rannpháirtíocht AE na Roinne chun aitheantas a thabhairt don tábhacht mhór a bhaineann le ballraíocht na hÉireann san AE agus an Bhreatain imithe as an Aontas Eorpach. San athbhreithniú seo, déanfar ceisteanna éagsúla a mheas, lena n-áirítear, mar is féidir bearta trasearnála AE a bhainistiú níos fearr sa Roinn agus mar a d'fhéadfadh an Roinn idirphlé a dhéanamh níos fearr ar leibhéal an AE le hinstitiúidí an AE agus le Ballstáit eile den AE.

Tá 48 gníomh sainaitheanta againn atá le baint amach in 2022 d'fhonn na cuspóirí seo a bhaint amach, agus tá siad leagtha amach go mionsonraithe seo thíos.

Eochairtháscairí

Is é is príomhchúram don sprioc seo: coireacht a laghdú agus a chosc, slándáil náisiúnta a fheabhsú agus an Garda Síochána a athrú ó bhonn agus a láidriú.

In ainneoin nach bhfuil sé leagtha amach mar sprioc, déantar tagairt i Sprioc 1 do choireacht a laghdú agus a chosc, do chearta agus cothroime nóis imeachta a chaomhnú, do shábháilteacht an phobail a chaomhnú agus do mhuinín agus iontaoibh.

Sa chomhthéacs seo, tá réimse beart ar fáil cheana chun dul chun cinn orthu seo a mheas. Tá na bearta sin leagtha amach sa tábla.

Ó thaobh an réimse seo de, tá na sonraí ar fad ar fáil agus is féidir tuairiscí a dhéanamh go measartha gasta. Déantar cuid de na bearta a thabhairt chun dáta gach ráithe.

Dul i ngleic leis an gcoireacht				
Beart ionchasach	**Comhréiteach**	**Beart**	**Foinse sonraí**	**Minicíocht**
Coireanna in aghaidh an duine	Coireacht a laghdú agus a chosc	Treo: laghdú	An Phríomh-Oifig Staidrimh	Go ráithiúil
Calaois agus cionta gaolmhara	Coireacht a laghdú agus a chosc	Treo: laghdú	An Phríomh-Oifig Staidrimh	Go ráithiúil
Coireanna i gcoinne maoine	Coireacht a laghdú agus a chosc	Treo: laghdú	An Phríomh-Oifig Staidrimh	Go ráithiúil
Sciar na bhfreagróirí a deir go gcaitheann an Garda Síochána go cothrom le gach duine beag beann ar cé hiad féin.	Cearta an duine agus cothroime nóis imeachta a chaomhnú	Treo: méadú	Suirbhé ar dhearcadh an phobail faoin nGarda Síochána	Bliantúil
Céatadán na bhfreagróirí a dúirt go bhfuil idir meánleibhéal agus ardleibhéal muiníne acu as AGS.	Iontaoibh agus muinín in AGS a choimeád.	Treo: caomhnú	Suirbhé ar dhearcadh an phobail faoin nGarda Síochána	Bliantúil

	Cuspóirí agus Gníomhartha 2022	Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
	Cuspóir - 'Seirbhís Póilíneachta don Todhchaí' a chur i ngníomh chun seirbhís póilíneachta cheannródaíoch chuntasach a fhorbairt		
1	**Monatóireacht a dhéanamh ar an líon daoine atá ag obair i bhFórsa Oibre an Gharda Síochána agus tacaíocht a thabhairt chun Baill den Gharda Síochána, Cúltaca don Gharda Síochána agus Foireann don Gharda Síochána a earcú agus chun Baill den Gharda Síochána a ath-imlonnú le bheith ag obair ar dhualgais túslíne** 1.1 An Garda Síochána/an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun feachtas earcaíochta don Gharda Síochána a sheoladh 1.2 Rang nua a thabhairt isteach i gColáiste an Gharda Síochána ó chomórtas earcaíochta roimhe seo 1.3 Rachaidh an grúpa ón gcomórtas nua isteach i gcoláiste an Gharda Síochána 1.4 Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcoinne spriocanna earcaíochta foirne (400) agus ath-imlonnú an Gharda Síochána (170)	**R1** **R2** **R3** **R4**	**Rialachas Ceartais Choiriúil**
2	**Athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh ar ról AGS in ionchúisimh** 2.1. Tuarascáil ón nGrúpa Athbhreithnithe Ardleibhéil maidir le ról AGS sa chóras ionchúiseamh poiblí a chur faoi bhráid an Rialtais agus moltaí soiléire a thabhairt 2.2. Ceannaireacht a thabhairt chun aon mholtaí ón ngrúpa sin a bhaineann le beartas ceartais choiriúil a chur i ngníomh	**R2** **R4**	**Beartas Ceartais Choiriúil**
3	**Dul chun cinn a dhéanamh ar an mBille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail chun creat stuama rialachais agus maoirseachta don phóilíneacht a chur ar fáil trína ndéanfaí comhairliúchán cuí a chinntiú.** 3.1. An Bille a fhoilsiú 3.2. An Bille a achtú	**R2** **R4**	**Rialachas Ceartais Choiriúil**
4	**An clár forfheidhmithe don Bhille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail a bhunú agus a bhainistiú** 4.1 Tuairiscí chun dáta a thabhairt don Aire gach ráithe 4.2 An plean le haghaidh na gceapachán agus don earcaíocht a bheidh riachtanach faoin reachtaíocht nua a thabhairt chun críche	**R1** **R3**	**Rialachas Ceartais Choiriúil**
5	**Obair a dhéanamh leis an nGarda Síochána, an Roinn Iompair agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le dul chun cinn a dhéanamh chun 'Seirbhís Póilíneachta don Todhchaí' a bhaint amach agus tuairiscí chun dáta ar dhul chun cinn a thabhairt don Aire**	**Fós ar bun**	**Rialachas Coiriúil**
6	**Athbhreithniú ar an gCreat Náisiúnta Slándála** 6.1 An tuarascáil deiridh ón nGrúpa Athbhreithnithe don Acht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit a chur faoi bhráid an Rialtais 6.2 Athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha reachtaíochta eile	**R2** **Fós ar bun**	**Slándáil agus Tuaisceart Éireann**

	Cuspóirí agus Gníomhartha 2022	Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
	Cuspóir - 'Seirbhís Póilíneachta don Todhchaí' a chur i ngníomh chun seirbhís póilíneachta cheannródaíoch chuntasach a fhorbairt		
7	**Infheistíocht a dhéanamh i gcórais faisnéise nua-aimseartha agus i sainacmhainní chun tacú le bonneagar éifeachtach slándála a fheidhmiú i gcomhréir leis na moltaí ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn**	**R4**	**Slándáil agus Tuaisceart Éireann**
8	**Moltaí ón athbhreithniú ar Shlándáil na gCúirteanna a chur i ngníomh** 8.1 Grúpa Oibre a bhunú 8.2 Moltaí a chomhaontú 8.3 Tús a chur leis an bhfeidhmiú	**R1** **R3** **R4**	**Beartas Ceartais Choiriúil**
9	**Bille an Gharda Síochána (Cumhachtaí) a fhoilsiú chun cumhachtaí cuardaigh, gabhála agus coinneála na bpóilíní a chódú**	**R3**	**Reachtaíocht Ceartais Choiriúil**
10	**An Bille um Thaifeadtaí Digiteacha a fhoilsiú agus a achtú chun foráil a dhéanamh le go mbeidh an Garda Síochána in ann úsáid a bhaint as taifeadadh digiteach lena n-áirítear ceamaraí colainne, ladrainn, TCI agus UAUP** 10.1 An Bille a fhoilsiú 10.2 Obair a dhéanamh leis an nGarda Síochána lena chinntiú go ndéanfar cóid iompair a fhorbairt in am trátha le go bhféadfar tosú 10.3 Obair a dhéanamh le AGS lena chinntiú go mbeidh dóthain caipitil ann chun é a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach	**R1** **R4** **Fós ar bun**	**Reachtaíocht agus Rialachas Ceartais Choiriúil**
11	**Obair a dhéanamh le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara chun dul chun cinn a dhéanamh ar na bearta stairiúla i gComhaontú Áras Stormont agus ar na gealltanais a rinneadh anuas ar Chomhaontú Aoine an Chéasta**	**R4**	**Slándáil agus Tuaisceart Éireann**

	Cuspóirí agus Gníomhartha 2022	Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
	Cuspóir - 'Seirbhís Póilíneachta don Todhchaí' a chur i ngníomh chun seirbhís póilíneachta cheannródaíoch chuntasach a fhorbairt		
12	Athbhreithniú a dhéanamh ar chóras grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána chun dul i ngleic leis na lochtanna teicniúla sa reachtaíocht agus chun na cosaintí d'aosaigh leochaileacha agus do leanaí a láidriú	**R4**	**Beartas Ceartais Choiriúil**
	Cuspóir - Clár cuimsitheach a sholáthar chun feidhmiú an chórais ceartais choiriúil a fheabhsú		
13	**Straitéis náisiúnta a ullmhú chun dul i ngleic le coireacht eacnamaíoch agus le héillitheacht** 13.1 Tús a chur le comhairliúchán poiblí 13.2 Tús a chur leis an obair ar phlean gníomhaíochta	**R3** **R4**	**Trédhearcacht, Beartas Ceartais Choiriúil**
14	**Tograí reachtacha a chomhaontú agus a chur chun cinn a bhaineann le gnéithe ábhartha de Phlean Feidhmithe Hamilton chun coireacht eacnamaíoch agus rialála a chosc agus chun freagairt go héifeachtach ina leith** 14.1 Scéim Ghinearálta den Bhille um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), arna leasú, a fhoilsiú	**R2**	**Reachtaíocht Ceartais Choiriúil**
15	**Bearta AE maidir le frithsciúradh airgid a chur i ngníomh ionas gur féidir faisnéis airgeadais agus cuntais bainc a úsáid chun coireacht thromchúiseach a chosc agus a chomhrac ar bhealaí níos éifeachtaí.** 15.1 Treoir (AE) 2019/1153 a thrasuí, imeachtaí mar gheall ar shárú maidir leis an 5ú Treoir um Sciúradh Airgid a bhainistiú	**R4**	**Reachtaíocht Ceartais Choiriúil**
16	**Cumas forfheidhmithe rialála an Aonaid Comhlíonta Frithsciúrtha Airgid (an tAonad) a láidriú mar fhreagairt nuair a bhraitear sáruithe soiléire rialála dlí á ndéanamh ag gnólachtaí agus gairmithe ainmnithe neamhairgeadais atá faoi mhaoirseacht an Aonaid** 16.1 Ceadú a fháil ón Rialtas le haghaidh tograí reachtacha le go bhféadfaidh an tAonad fíneálacha a ghearradh as cionta diandliteanais	**R4**	**Soláthar Seirbhíse Ceartais Choiriúil**
17	**Sraith treoirlínte scríofa a eisiúint le tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí agus gairmithe ainmnithe neamhairgeadais atá faoi mhaoirseacht an Aonaid an tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010, arna leasú, a chomhlíonadh** 17.1 Treoirlínte ar an gcomhlíonadh a fhoilsiú do ghnólachtaí atá faoi mhaoirseacht an Aonaid	**R4**	**Soláthar Seirbhíse Ceartais Choiriúil**
18	Athbhreithniú Straitéiseach a dhéanamh ar chaidreamh na Roinne leis an AE agus tábhacht mhór bhallraíocht na hÉireann san Aontas a chur san áireamh tar éis Imeacht na Breataine ón AE. 18.1 Meitheal Ardleibhéil a bhunú ina mbeidh ionadaithe ó gach Feidhm is ábhartha. 18.2 Tuarascáil eatramhach agus Moltaí Tosaigh faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta in R2	**R4**	**Gnóthaí AE**

Cuspóirí agus Gníomhartha 2022		Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
19	Plean forfheidhmithe oibríochta a fhoilsiú do thuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána ar an éillitheacht	R2	Rialachas Ceartais Choiriúil
20	Tograí a fhorbairt laistigh de 6 mhí chun dul i ngleic le smachtbhannaí díspeagtha cúirte as sáruithe ar rialuithe meán sóisialta, ar feitheamh fhoilsiú thuarascáil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí.	Laistigh de 6 mhí ó fhoilsiú na tuarascála	Beartas Ceartais Shibhialta
Cuspóir - Beartais agus reachtaíocht níos láidre a fhorbairt chun tacú leis an obair chun dul i ngleic le cibearchoireacht, chun sábháilteacht ar líne a fheabhsú agus chun ullmhú do na dúshláin romhainn			
21	Lean de bheith ag tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise Cibearshlándala Náisiúnta, lena n-áirítear trí fhreastal a dhéanamh ar an IDC agus trí thacaíocht bheartais a chur ar fáil chun an Bille um Chibearchoireacht a achtú.	Fós ar bun	Beartas Ceartais Choiriúil
22	Scéim Ghinearálta de Bhille a fhoilsiú chun forálacha áirithe a bhaineann le Coinbhinsiún Bhúdaipeist ar chibearchoireacht a nuashonrú, chomh maith le rochtain shonrach ar iarrataí sonraí (mura bpléitear leo sa Bhille Cumarsáide (Sonraí a Choimeád)).	R2	Reachtaíocht Ceartais Choiriúil
23	Freagra an Rialtais a chomhordú ar thogra reachtach atá le teacht ón AE maidir le dul i ngleic le mí-úsáid ghnéasach leanaí, lena n-áirítear tús a chur le hullmhúcháin d'iarracht fhéideartha na hÉireann chun Ionad na hEorpa ar bith a bheartófaí chun mí-úsáid ghnéasach a chosc agus a chomhrac a lonnú in Éirinn	R2	Beartas Ceartais Choiriúil
24	Moladh do níos mó ardán páirt a ghlacadh/clárú chun tacú le hotline.ie ar bhonn leanúnach	R4	Beartas Ceartais Choiriúil
Cuspóir - Bearta a láidriú chun dul i ngleic le sceimhlitheoireacht agus le coireacht thromchúiseach agus coireacht eagraithe trí bhíthin gníomhaíocht intíre agus comhoibriú idirnáisiúnta			
25	An Bille um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach Pianbhreitheanna Coimeádta) a thionscnamh	R2	Reachtaíocht Ceartais Choiriúil
26	Tacaíocht a thabhairt chun coireacht trasteorann a imscrúdú laistigh den chreat um chúnamh frithpháirteach agus na creata BGE/eiseachadta 26.1 Iarrataí isteach agus amach ar chúnamh frithpháirteach, Barántais Ghabhála Eorpacha agus eiseachadadh a phróiseáil agus a bhainistiú go héifeachtach agus tuarascálacha ráithiúla a thabhairt don Aire maidir le feidhmiú na nithe sin	R1	Soláthar Seirbhíse Ceartais Choiriúil
27	An Bille um Barántas Gabhála Eorpach (Leasú) a achtú chun dul i ngleic le fadhbanna a tháinig chun cinn san Acht um Barántas Gabhála Eorpach sna himeachtaí AE mar gheall ar shárú 27.1 An Bille a fhoilsiú 27.2 An Bille a achtú	R1 R2	Reachtaíocht Ceartais Choiriúil

	Cuspóirí agus Gníomhartha 2022	Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
28	**Dul chun cinn a dhéanamh ar ullmhúcháin bheartais do reachtaíocht chun sonraí a bhailiú ó Thaifid Ainmneacha Paisinéirí laistigh den AE**	R4	Reachtaíocht Ceartais Choiriúil
29	**Plé le gníomhaireachtaí chun córais níos fearr a fhorbairt le gníomhaíochtaí aisghabhála sócmhainní a bhailiú agus a thuairisciú chun ceanglais tuairiscithe AE a shásamh agus chun tabhairt faoi mholadh 33 ón Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais** 29.1 Teacht ar chomhaontú i dtaca le fuascailtí trasearnála i leith fadhbanna a bhaineann le bailiú sonraí agus tuairisciú	R4	Beartas Ceartais Choiriúil
30	**Measúnú riosca ar leith a fhorbairt don mhaoiniú sceimhlitheoireachta, i gcomhréir le moladh 8 ón Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais**	R2	Beartas Ceartais Choiriúil
31	**Bearta a láidriú chun dul i ngleic le sceimhlitheoireacht agus le coireacht thromchúiseach agus coireacht eagraithe trí bhíthin gníomhaíocht intíre agus comhoibriú idirnáisiúnta** 31.1 Cinneadh a dhéanamh ó thaobh Údarás/Údaráis Inniúla a ainmniú de 31.2 Feidhmiú an Rialacháin ón AE chun dul i ngleic le scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne: ullmhú faoina chomhair agus tacú leis; 31.3 An Rialachán um Ábhar Sceimhlitheoireachta ar Líne a thrasuí	R1 R2 R2	Beartas agus Reachtaíocht Ceartais Choiriúil
32	**Measúnú a dhéanamh ar na ceanglais reachtacha chun córas ECRIS-TCN a thrasuí go Dlí na hÉireann. Cuireann córas ECRIS-TCN leis an gcóras reatha malartaithe faisnéise ar chiontuithe idir Ballstáit AE le go gcuimsítear náisiúnaigh tríú tíortha**	R4	Reachtaíocht Ceartais Choiriúil
33	**Dul chun cinn a dhéanamh ar an mBille um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) a dhréachtú chun tacú le bearta láidre AE chun dul i ngleic leis an sceimhlitheoireacht agus béim ar leith ar an mbaol a bhaineann le taisteal chuig tríú tíortha chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta**	R4	Reachtaíocht Ceartais Choiriúil
Cuspóir: Dlí agus nós imeachta coiriúil a athchóiriú, a athbhreithniú agus a nuachóiriú chun feidhmiú éifeachtach éifeachtúil an chórais ceartais choiriúil a fheabhsú agus chun tacú leis an bhfeidhmiú sin			
34	**Reachtaíocht arm tine agus pléascán a nuashonrú** 34.1 Na ceithre cheanglas dlí AE atá ann cheana a thrasuí 34.2 Na hathruithe meántéarma beartais agus reachtacha a theastaíonn a chinneadh agus amlíne a shocrú chun reachtaíocht bhreise a fhorbairt 34.3 Na fadhbanna atá fós le réiteach ar gá iad a athchóiriú a aithint faoi mar a bhaineann le ceadúnú arm tine a bhainistiú agus a phróiseáil, mangairí arm dóiteáin a chlárú agus cigireachtaí. Treochlár a fhorbairt chun dul i ngleic leis na fadhbanna a aithnítear, creat reachtach nua mar chuid de.	R1 R2 R4	Reachtaíocht Ceartais Choiriúil Beartas Ceartais Choiriúil Soláthar Seirbhíse Ceartais Choiriúil

	Cuspóirí agus Gníomhartha 2022	Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
35	**Coiste Saineolaithe Arm Tine a chur ar bun chun treoir a thabhairt maidir le réimse leathan nithe a bhaineann le ceadúnú arm tine sa Stát.** 35.1 Iarrataí a eisiúint do léirithe spéise i gcomhair ballraíochta 35.2 Coiste Saineolaithe Arm Tine a chur ar bun 35.3 Tuarascáil ón gCoiste Saineolaithe Arm Tine a fháil	R1 R2 R4	Beartas Ceartais Choiriúil Soláthar Seirbhíse Ceartais Choiriúil
36	**Cuirfimid moltaí i láthair le hathruithe a dhéanamh ar an dlí faoi mar a bhaineann le pianbhreitheanna saoil**	R2	Beartas Ceartais Choiriúil
37	**An Bille um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) a fhoilsiú agus a achtú, bille ina bpléitear le ceadúnú arm dóiteáin, comhcheilg um dhúnmharú, achomharc i gcoinne pianbhreithe, rialacha pleanála príosúin agus fianaise a choimeádtar sa néal.** 37.1 An Bille a fhoilsiú 37.2 An Bille a achtú	R1 R2	Reachtaíocht Ceartais Choiriúil
38	**Bille um Choireacht Fuatha a fhoilsiú leis an dlí a athchóiriú agus a nuachóiriú trí bhíthin tromchiontuithe nua sonracha fuatha a thabhairt isteach le haghaidh coireanna a bhfuil réamhchlaonadh i gcoinne saintréithe cosanta ina bhun leis na coireanna, pianbhreitheanna níos déine ag baint leo ná a bhíonn i gcás gnáthchineálacha coireachta**	R2	Reachtaíocht Ceartais Choiriúil
39	**Dul chun cinn a dhéanamh ar Chreat nua na Meicníochta Náisiúnta Atreorúcháin ionas go mbeifear in ann níos mó íospartaigh gháinneála a aithint agus a chosaint i réimse Ranna agus gníomhaireachtaí** 39.1 Foghrúpa idir-rannach a bhunú 39.2 An Scéim Ghinearálta a fhoilsiú 39.3 Meicníocht Náisiúnta Atreorúcháin athbhreithnithe a chur ar bun chun íospartaigh gháinneála a aithint agus chun tacú leo	R1 R1 R4	Beartas Ceartais Choiriúil Reachtaíocht Ceartais Choiriúil
40	**Plean Gníomhaíochta Náisiúnta nua a fhorbairt chun dul i ngleic leis an nGáinneáil ar Dhaoine** 40.1 Dul i gcomhairle le ranna ábhartha agus le hionadaithe ón tsochaí shibhialta 40.2 Plean gníomhaíochta a chur faoi bhráid an Rialtais le faomhadh a fháil lena fhoilsiú	R1 R2	Beartas Ceartais Choiriúil

	Cuspóirí agus Gníomhartha 2022	Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
41	**An Bille Garda Síochána (Cúiteamh) a acht chun scéim cúitimh reatha an Gharda Síochána a nuashonrú do bhaill den Gharda Síochána a gortaíodh agus iad ar dualgas.** 41.1 An Bille a achtú 41.2 Pleanáil tionscadail a úsáid chun aistriú scéim cúitimh AGS chuig AGS a bhainistiú chun teacht le tionscnamh na reachtaíochta a bhaineann le Scéim Cúitimh an Gharda Síochána	R2 R2	Reachtaíocht Ceartais Choiriúil Soláthar Seirbhíse Ceartais Choiriúil
42	**Neamhaird a thabhairt ar chiontuithe a bhaineann le coireanna cáilitheacha (gníomhaíocht chomhthoiliúil le duine den ghnéas céanna) roimh an díchoiriúlú sa bhliain 1993** 42.1 Scéim a thabhairt faoi bhráid an Rialtais agus a fhoilsiú chun neamhaird a thabhairt ar chiontuithe a bhaineann le gníomhartha áirithe atá díchoiriúlaithe anois	R3	Beartas Ceartais Choiriúil
43	**Dul chun cinn a dhéanamh chun moltaí a rinneadh san athbhreithniú ar an reachtaíocht um Fháltais ó Choireacht a chur i ngníomh** 43.1 Dréachtscéim ghinearálta a ullmhú nuair a gheofar comhairle ón Ard-Aighne 43.2 An t-athbhreithniú, dréachtphlean gníomhaíochta agus dréachtscéim ghinearálta a chur faoi bhráid an Rialtais lena bhfaomhadh 43.3 An Bille a fhoilsiú	R1 R2 R4	Beartas Ceartais Choiriúil Reachtaíocht Ceartais Choiriúil
44	**Reachtaíocht a fhoilsiú chun tabhairt faoi shonraí a choimeád chun críocha an fhorfheidhmithe choiriúil** 44.1 An Bille a fhoilsiú	R2	Reachtaíocht Ceartais Choiriúil
45	**Athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí mar mhalairt rogha ar phianbhreitheanna ar fionraí agus reachtaíocht a fhorbairt le foráil a dhéanamh do na roghanna sin**	R4	Beartas Ceartais Choiriúil Reachtaíocht Ceartais Choiriúil
46	**Déanfaimid plean sábháilteachta tuaithe a fhorbairt i gcomhar leis an bhFóram Náisiúnta Sábháilteachta Tuaithe**	R3	Trédhearcacht
	Cuspóir - Rialachas láidir a chinntiú i ngach comhlacht san earnáil ceartais coiriúil; maoirseacht dhúshlánach thacúil a thabhairt do na comhlachtaí seo		
47	**Tacaíocht a thabhairt do ghníomhaireachtaí a gcláir infheistíochta caipitil a chur i bhfeidhm in earnáil iomlán an Cheartais Choiriúil, comhlíonadh le hoibleagáidí reachtúla a chinntiú agus plé a dhéanamh le páirtithe leasmhara ábhartha**	R4	Corparáideach
48	**Dul chun cinn a dhéanamh ar an tionscadal chun bonn reachtúil a fhorbairt i gcomhair IPS** 48.1 Tuarascáil deiridh an Ghrúpa Oibre a chur faoi bhráid an Aire 48.2 Faoi réir ceadú ón Aire, an togra a chur faoi bhráid an Rialtais lena cheadú 48.3 Tús a chur le Scéim Ghinearálta don bhonn reachtúil	R2 R2 R2	Rialachas Ceartais Choiriúil

Sprioc 2 Rochtain ar an gceartas a fheabhsú agus córas na gcúirteanna a nuachóiriú

Sprioc 2: Rochtain ar an gceartas a fheabhsú agus córas na gcúirteanna a nuachóiriú

Faoi Sprioc 2, táimid tiomanta d'athchóirithe a thabhairt isteach le rochtain ar an gceartas a fheabhsú, ar buncheart é. Mar thoradh ar na hathruithe atá le tabhairt isteach againn ar an gcóras ceartais agus ar chóras na gcúirteanna, déanfar a chinntiú gur féidir na hionchais a bhíonn ann i sochaí agus geilleagar nua-aimseartha a shásamh.

Is muidne atá freagrach as rochtain a oscailt agus as constaicí roimh an gcóras dlí agus cirt a aithint agus a bhaint ionas go ndéanfaidh an córas riachtanais an phobail, na sochaí agus gnó a shásamh.

Tá sé tábhachtach spléachadh a thabhairt ar na garspriocanna a baineadh amach faoi Sprioc 2 in 2021 a bhain leis an gclár suntasach oibre a rinne an Roinn.

Ó thaobh rochtain ar an gceartas a fheabhsú de, foilsíodh Tuarascáil Peter Kelly, Athbhreithniú ar Riaradh an Cheartais Shibhialta, cuireadh grúpa forfheidhmithe ar bun agus ullmhaíodh plean forfheidhmithe don Rialtas.

Rinneadh obair chun an córas ceartais teaghlaigh a athchóiriú lena chinntiú go mbeadh córas cúirte ann a bheadh níos éifeachtúla agus níos báúla le teaghlaigh. Tá obair ar bun faoi láthair chun Bille na Cúirte Teaghlaigh a dhréachtú agus é mar aidhm é a fhoilsiú faoi dheireadh Ráithe 1. Leis an mBille, bunófar Cúirt Dúiche Teaghlaigh, Cúirt Chuarda Teaghlaigh agus Ard-Chúirt Teaghlaigh mar rannóga laistigh de struchtúir reatha na gcúirteanna, gach ceann acu ag plé le ceisteanna dlí teaghlaigh mar a bheidh oiriúnach ó thaobh dlínse de. Leis an mBille, déanfar foráil chomh maith d'imeachtaí cúirte a thacódh le réiteach níos gasta a mbeadh níos lú coimhlinte ag baint leis ar dhíospóidí in ionaid speisialaithe. Gné thábhachtach atá i mBille na Cúirte Teaghlaigh i gclaochlú an chórais ceartais teaghlaigh agus Grúpa Maoirseachta Ceartais Teaghlaigh i bhfeighil air.

Foilsíodh Scéim Ghinearálta an Bhille an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha a thiocfaidh in áit an Bhoird Chomhairligh um Cheapacháin Bhreithiúnacha. Bunaíodh an Mheitheal Pleanála Breithiúnaí chun obair a dhéanamh ar líon na mbreithiúna sa mheántéarma.

Foilsíodh an Scéim Ghinearálta den Bhille um Rialáil Cearrbhachais, céim eile i dtreo Rialtóir Cearrbhachais a chur ar bun. Tugadh isteach bearta láidre chun dul i ngleic le costas an árachais, lena n-áirítear, treoirlínte um dhíobhálacha pearsanta a thabhairt isteach agus an Bille um Mionnú Éithigh a achtú chun cion coiriúil reachtúil a dhéanamh den Mhionnú Éithigh.

An tosaíocht atá againn i mbliana ná cur leis na conairí a cruthaíodh anuraidh leis an rochtain ar an gceartas a fheabhsú. Foilseofar straitéis agus plean forfheidhmithe ina leagfar amach mianta ardleibhéil chun córas náisiúnta ceartais teaghlaigh a fhorbairt, an méid sin le dul chun cinn a dhéanamh ar ghealltanas i gClár an Rialtais an dlí teaghlaigh a athchóiriú.

Agus é foilsithe, cuirfear tús le forfheidhmiú na moltaí sa Tuarascáil ón Athbhreithniú ar Riaradh an Cheartais Shibhialta le go mbeidh an córas ceartais shibhialta níos éifeachtúla agus níos éasca rochtain a fháil air. Sa Phlean Forfheidhmithe seo, aithneofar sruthanna oibre a bheidh ag teacht leis na téamaí is mó ón Athbhreithniú, agus socrófar amlínte don fhorfheidhmiú sna trí bliana atá le teacht. Beidh na hathruithe atá ar bun faoi láthair ar an leasú is mó a rinneadh ar na cúirteanna le céad bliain.

Tionóladh an Mheitheal Pleanála Breithiúnaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar an líon agus na cineálacha breithiúna a theastóidh sna cúig bliana atá le teacht ar aon dul leis an ngealltanas i gClár an Rialtais moltaí a dhéanamh lena chinntiú go ndéanfar an ceartas a riar go héifeachtúil sna cúig bliana atá le teacht.

Cuirfimid moltaí i láthair chun athchóiriú ar an oideachas dlí a bhrú chun cinn, lena n-áirítear, bacainní roimh dhul isteach i ngairm an dlí a bhaint, cur leis an éagsúlacht agus maoirseacht neamhspleách ar an oideachas gairmiúil dlí a thabhairt isteach den chéad uair.

Cuirfear i gcrích agus foilseofar taighde a rinneadh ar anailís eacnamaíoch ar mhúnlaí chun costais dlí in Éirinn arb é is aidhm don taighde costais a laghdú do dhaoine a úsáideann seirbhísí dlí:

saoránaigh, gnólachtaí, chomh maith le costais don Stát. Cuirfidh na torthaí seo bonn eolais ar fáil chun forbairt a dhéanamh ar thograí sa réimse seo amach anseo.

Tosaíocht sa Roinn atá ann dul i ngleic le costas an árachais.
Cuirfimid moltaí i láthair chun an Dualgas Cúraim a athchothromú sa Bhille um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022.

Foilseofar an Scéim Ghinearálta de Bhille um Chúnamh Dlí Choiriúil agus aistreofar riarachán na Scéime um Chúnamh Dlí Choiriúil chun an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil.

Tar éis próiseas oscailte comhairliúcháin a bheith ann, úsáidfear Bille um Alcól a Dhíol le dul chun cinn a dhéanamh ar dhlíthe agus próisis iarratais ceadúnaithe alcóil a athbhreithniú agus a nuachóiriú. Tá na dlíthe reatha a bhaineann le díol agus rialáil an alcóil in Éirinn bunaithe ar phrionsabail a bhaineann le cúrsaí ceadúnaithe a rialáil agus a riar go trédhearcach, tábhacht na sláinte poiblí agus chun ord poiblí a chaomhnú. Beidh na prionsabail sin mar bhonn faoin bpróiseas athchóirithe seo.

Déanfaidh an Roinn an reachtaíocht seo a chur chun cinn sna míonna amach anseo agus é mar sprioc í a achtú i mbliana. Mar chuid d'athbhreithniú ar an tseirbhís cróinéara, cuirfear i láthair moltaí le plean feabhsúcháin seirbhíse a sholáthar chun dul i ngleic le ceisteanna a aithnítear: nuálaíocht a chur chun cinn; seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú agus idirphlé le seirbhísí paiteolaíochta ar fud na tíre a fheabhsú.

Tá an uaillmhian chéanna leagtha amach sa ráiteas Éire a bheidh sábháilte, cothrom agus ionchuimsitheach: ár Ráiteas Straitéise ón tréimhse ó 2021 go 2023. Agus muid ag obair i dtreo na spriocanna seo a bhaint amach, tá seacht cinn de chuspóirí tosaíochta sainaitheanta againn sa réimse seo sa tréimhse idir seo agus 2023:

- Na cúirteanna agus an córas dlí a nuachóiriú chun stiúradh cothrom pras imeachtaí cúirte a fheabhsú
- Cúirt Teaghlaigh agus córas ceartais teaghlaigh athraithe ón mbonn a chur ar bun
- Feidhmiú na mbreithiúna a nuachóiriú le go mbeidh siad in ann obair a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí; athchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas chun breithiúna a cheapadh
- Tacaíocht a thabhairt chun costais dlí agus fad nósanna imeachta dlí a laghdú agus dul i ngleic leis an gcostas ard as árachas
- Athchóiriú rialála, athchóiriú ar cheadúnú agus athchóiriú ar an dlí sibhialta chun tacú leis an ngeilleagar agus sochaí
- Tacú le Cróinéir Bhaile Átha Cliath Ionchoisní Stardust a chur i gcrích agus tacú le gach cróinéir a ról a dhéanamh
- Maoirseacht atá dúshlánach ach tacúil a thabhairt do na comhlachtaí ceartais shibhialta atá faoinár gcoimirce agus a chinntiú go bhfuil struchtúir agus gaolta oiriúnacha rialachais i bhfeidhm sna comhlachtaí seo

Leis na cuspóirí seo a bhaint amach, tá 43 gníomh sainaitheanta againn atá le baint amach in 2022. Tá siad leagtha amach thíos.

Eochairtháscairí

Is é is príomhchúram sna spriocanna seo tacú leis an rochtain ar an gceartas agus córais na gcúirteanna a nuachóiriú.

Tá réimsí ann arbh fhéidir bearta feidhmíochta a fhorbairt, mar atá leagtha amach sa tábla. Ina measc sin tá:

- Cuspóir 1: bheifí in ann rátaí réitigh Cúirteanna a úsáid chun stiúradh pras imeachtaí cúirte a mheasúnú.
- Cuspóir 4: bheifí in ann fáil amach an féidir le daoine teacht ar thacaíochtaí chun fadhbanna sibhialta a réiteach chun tacú leis an laghdú ar chostais dlí.

Cé nach dtugtar mar chuspóir é, léiríonn an insint ar an sprioc seo go bhfuil an Córas Ceartais Choiriúil inrochtana ag cách. Is dócha go mbeifí in ann é sin a thomhas chomh maith.

ROCHTAIN AR AN gCEARTAS A FHEABHSÚ AGUS CÓRAS NA gCÚIRTEANNA A NUACHÓIRIÚ				
Beart ionchasach	**Comhréiteach**	**Beart**	**Foinse sonraí**	**Minicíocht**
Próiseáil cásanna ag na cúirteanna	Rochtain ar an gceartas agus nuachóiriú na gcúirteanna	Cásanna arna dtionscnamh	Sonraí cúirteanna/Tuarascáil CEPEJ/Tuarascáil Scórchlár AE	Bliantúil / leathbhliantúil (CEPEJ)
Próiseáil cásanna ag na cúirteanna	Rochtain ar an gceartas agus nuachóiriú na gcúirteanna	Rátaí réitigh/diúscartha	Sonraí cúirteanna/Tuarascáil CEPEJ/Tuarascáil Scórchlár AE	Bliantúil/ leathbhliantúil (CEPEJ)
Próiseáil cásanna ag na cúirteanna	Rochtain ar an gceartas agus nuachóiriú na gcúirteanna	Am feithimh i gcás éisteachtaí sibhialta	Tuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse Cúirteanna	Bliantúil
Cásanna arna láimhseáil ag Ionaid Dlí an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil (Cúnamh Dlí Sibhialta)	Rochtain ar an gCeartas	Líon cásanna a bpléitear leo gach bliain	Tuarascáil bhliantúil an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil	Bliantúil
Idirghabháil mar pháirt de phróiseas fuascailte	Rochtain ar an gCeartas	An líon cásanna nua Idirghabhála Teaghlaigh / an líon comhaontuithe foirmiúla scríofa	Tuarascáil bhliantúil an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil	Bliantúil

	Cuspóirí agus Gníomhartha 2022	Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
	Cuspóir - Cúirt Teaghlaigh agus córas ceartais teaghlaigh athraithe ón mbonn a chur ar bun		
49	**Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Ceartais Teaghlaigh a fhorbairt agus a fhoilsiú chun foráil a dhéanamh do chóras cúirte teaghlaigh a bheadh soláimhsithe agus inrochtana** 49.1 Straitéis Ceartais Teaghlaigh a fhoilsiú 49.2 Obair a dhéanamh go leanúnach ar an ngrúpa maoirseachta agus ar an ngrúpa comhairleach um cheartas teaghlaigh 49.3 An Plean Forfheidhmithe a chur chun cinn	**R1** **R4** **R4**	**Beartas Ceartais Shibhialta**
50	**Bille na Cúirte Teaghlaigh a fhoilsiú trína ndéanfar Cúirt Teaghlaigh nua a chruthú laistigh de na struchtúir cúirteanna atá ann faoi láthair**	**R1**	**Reachtaíocht Ceartais Shibhialta**
51	**Reachtaíocht AE a chur i bhfeidhm chun aitheantas a thabhairt do bhreithiúnais agus comhar breithiúnach i nithe a bhaineann le dlí teaghlaigh.** 51.1 Reachtaíocht thánaisteach a fhorbairt chun tuilleadh éifeachta a thabhairt i ndlí na hÉireann do Rialachán na Bruiséile IIa (Rialachán 2019/1111)	**R2**	**Reachtaíocht Ceartais Shibhialta**
52	**Tacú le hobair thar ranna éagsúla ar cheisteanna a bhaineann le máthairionadaíocht idirnáisiúnta agus atáirgeadh daonna cuidithe ag deontóir** 52.1 Tabhairt faoi réamhobair maidir leis an dlí ar chaomhnóireacht agus tuismíocht chun eolas a chur ar fáil agus an Roinn ag plé le haon mholtaí a dhéanfadh Coiste speisialta an Oireachtais	**R4**	**Reachtaíocht Ceartais Shibhialta**
53	**An t-athbhreithniú ar fheidhmiú na bhforálacha san Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964, a fhoilsiú, forálacha a bhaineann le caomhnóireacht leanaí nach bhfuil a dtuismitheoirí pósta ná i bpáirtnéireacht shibhialta**	**R2**	**Reachtaíocht Ceartais Shibhialta**
54	**Comhairliúcháin phoiblí a reáchtáil maidir le coimhthiú tuismitheora agus taighde ar na modhanna a bhaineann leis i ndlínsí eile a úsáid chomh maith le moltaí ar an gceist a chur faoi bhráid an Aire**	**R4**	**Beartas Ceartais Shibhialta**
	Na cúirteanna agus an córas dlí a nuachóiriú chun stiúradh cothrom pras imeachtaí cúirte a fheabhsú		
55	**Úsáid a bhaint as tuairimí ó chustaiméirí chun an tionchar a imríonn nuachóiriú seirbhísí ar na daoine a úsáideann cúirteanna agus an córas dlí a mheas agus ionas go mbeidh an taithí is fearr ag an gcustaiméir** 55.1 Modheolaíochtaí cuí a fhiosrú leis an tSeirbhís Cúirteanna chun tionchar gearrthéarma, meántéarma agus fadtéarma an chláir nuachóirithe a thomhas agus le córais a fhorbairt chun tús a chur le measúnú	**R4**	**Beartas Ceartais Shibhialta**

	Cuspóirí agus Gníomhartha 2022	Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
56	**Moltaí ón Athbhreithniú ar Riaradh an Cheartais Shibhialta a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an bplean forfheidhmithe** 56.1 An Plean Forfheidhmithe a fhoilsiú agus glacadh leis 56.2 Reachtaíocht a fhoilsiú chun tacú le moltaí a bhaineann le nósanna imeachta sibhialta sna cúirteanna agus Athbhreithniú Breithiúnach agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo a hachtaithe 56.3 Tuairisciú don Rialtas gach bliain ar an dul chun cinn atá déanta leis an Athbhreithniú ar Riaradh an Cheartais Shibhialta a chur i bhfeidhm	**R1** **R4** **R4**	**Reachtaíocht Ceartais Shibhialta**
57	**Obair a dhéanamh chun an t-oideachas gairmiúil dlí a leathnú agus a athchóiriú. Maoirseacht neamhspleách a thabhairt isteach den chéad uair agus na constaicí a stopann daoine dul le bheith mar aturnae nó abhcóide a bhaint.** 57.1 Cur chuige a shocrú don phríomhshruth i leith na n-athchóirithe atá molta ar an oideachas gairmiúil dlí 57.2 Plean gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur i ngníomh chun oideachas gairmiúil dlí a chur ar fáil ar bhonn níos leithne, chun an rochtain ar an ngairm a fheabhsú agus maoirseacht agus dearbhú cáilíochta neamhspleách a thabhairt isteach	**R1** **R2**	**Beartas Ceartais Shibhialta**
58	**Grúpa athbhreithnithe a chur ar bun chun bearta athchóirithe le haghaidh giúiréithe a scrúdú**	**R3**	**Beartas Ceartais Shibhialta**
59	**Faireachán a dhéanamh ar cheisteanna a thagann chun cinn, agus freagra a thabhairt ina leith, faoi mar a bhaineann le cúrsaí Dhlí Sibhialta an AE agus ionchur na Roinne a chomhordú i gcás ceisteanna a thagann chun cinn a bhaineann le Comhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach**	**Fós ar bun**	**Beartas Ceartais Shibhialta**
60	**Nuachóiriú na gCúirteanna: tacaíocht chuí agus dúshlán cuí a thabhairt don tSeirbhís Cúirteanna agus an tseirbhís sin fós ag obair ar chlár nuachóirithe, ar aon dul le digitiú earnáil an cheartais, le go mbeidh an dá chóras in ann feidhmiú le chéile, le go mbeidh comhsheasmhacht ann dóibh siúd a bhíonn ag plé le hearnáil an cheartais agus le táscairí a fhorbairt le dul chun cinn a léiriú**	**R4**	**Rialachas Ceartais Shibhialta**
61	**An Scéim Ghinearálta den Bhille um Chúnamh Dlí Choiriúil a fhoilsiú le riarachán na scéime um chúnamh dlí choiriúil a aistriú chun an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil agus leis an dlí ar chúnamh dlí choiriúil a nuashonrú agus a nuachóiriú.**	**R2**	**Reachtaíocht Ceartais Shibhialta**

	Cuspóirí agus Gníomhartha 2022	Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
62	**Bille CECD (Moill ar Imeachtaí Cúirte) a achtú chun cúiteamh cuí a thabhairt dóibh siúd atá tar éis cur suas le moilleanna gan chúis chun teacht ar an gceartas**	R2	Reachtaíocht Ceartais Choiriúil
63	**Reachtaíocht AE maidir le doiciméid a sheirbheáil i gcás nithe sibhialta agus tráchtála trasteorann** 63.1 Reachtaíocht thánaisteach a fhorbairt le héifeacht bhreise a thabhairt i ndlí na hÉireann do Rialachán (AE) 2020/1784 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus doiciméid sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta nó thráchtála a sheirbheáil sna Ballstáit (doiciméid a sheirbheáil) 63.2 Reachtaíocht thánaisteach a fhorbairt le héifeacht bhreise a thabhairt i ndlí na hÉireann do Rialachán (AE) 2020/1783 maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát le linn fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó thráchtála (fianaise a ghlacadh)	R2	Reachtaíocht Ceartais Shibhialta
64	**Aontachas AE leis an gCoinbhinsiún maidir le breithiúnais, 2019, a chur chun cinn agus éifeacht a thabhairt dó** 64.1 Reachtaíocht thánaisteach a fhorbairt chun éifeacht bhreise a thabhairt i ndlí na hÉireann leis an togra i leith Aontachas AE leis an gCoinbhinsiún maidir le Breithiúnais Eachtracha ar Nithe Sibhialta nó Tráchtála a Aithint agus a Fhorghníomhú	R4	Reachtaíocht Ceartais Shibhialta
65	**Dul chun cinn a dhéanamh ar Rialacháin a dhéanamh faoi rialacháin 6 de Rialacháin 2019 an Aontais Eorpaigh (Coinbhinsiún na Háige maidir le Cothabháil)** 65.1 Reachtaíocht thánaisteach a fhorbairt leis na nithe seo a shonrú (a) na Stáit ar Stáit Chonarthacha iad chun críocha Choinbhinsiún an 23 Samhain 2007 maidir le hAisghabháil Idirnáisiúnta Tacaíochta Leanaí agus Cineálacha eile de Chothabháil Teaghlaigh agus (b) go bhfuil dearbhuithe, forchoimeádais agus ráitis éagsúla déanta ag Stáit Chonarthacha faoin gCoinbhinsiún	R3	Reachtaíocht Ceartais Shibhialta
66	**Dul chun cinn ar Rialacháin a dhéanamh faoi alt 2(1) den Choinbhinsiún um Chomhaontuithe maidir le Roghnú Cúirte (Coinbhinsiún na Háige), 2005** 66.1 Reachtaíocht thánaisteach a fhorbairt chun Stáit, ar Stáit Chonarthacha iad, a shonrú chun críocha an Choinbhinsiúin maidir le Rogha Cúirte arna dhéanamh sa Háig ar an 30ú lá de mhí an Mheithimh, 2005, a chomhlíonadh, i gcomhréir le halt 2 (1) den Acht maidir le Roghnú Cúirte (Coinbhinsiún na Háige), 2015.	R3	Reachtaíocht Ceartais Shibhialta

	Cuspóirí agus Gníomhartha 2022	Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
	Cuspóir - Feidhmiú na mbreithiúna a nuachóiriú le go mbeidh siad in ann obair a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí; athchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas chun breithiúna a cheapadh		
67	**Bille nua an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha a achtú, a dhéanfaidh athchóiriú agus nuachóiriú ar an tslí a ndéantar breithiúna a cheapadh, agus a plé leis an bpróiseas reachtach tar éis a fhoilsithe** 67.1 Bille an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha a fhoilsiú 67.2 Bille an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha a achtú 67.3 Dul chun cinn a dhéanamh ar ghnéithe den tionscadal a bhaineann le rialachas chun an Coimisiún úr a bhunú agus chun socruithe a dhéanamh do cheapacháin ábhartha, lena n-áirítear an POF ainmnithe agus Gnáthdhaoine	**R1** **R2** **R4**	**Reachtaíocht agus Rialachas** **Ceartais Shibhialta**
	Na cúirteanna agus an córas dlí a nuachóiriú chun stiúradh cothrom pras imeachtaí cúirte a fheabhsú		
68	**An gealltanas i gClár an Rialtais a chur chun cinn le hathbhreithniú a dhéanamh ar an líon agus ar na cineálacha breithiúna a theastaíonn le go ndéanfar an ceartas a riar go héifeachtúil sna cúig bliana atá le teacht.** 68.1 An ECFE le taighde a coimisiúnaíodh go mall in 2021 a fhoilsiú chun bonn fianaise a thabhairt trína gcuirfear eolas ar fáil don athbhreithniú ar líon agus scileanna breithiúna, figiúirí comparáideacha oiriúnacha idirnáisiúnta san áireamh. 68.2 Tuarascáil ón Meitheal Pleanála Breithiúna a fhoilsiú	**R2**	**Rialachas Ceartais Shibhialta**
69	**A chinntiú go mbeidh próiseas éifeachtach tráthúil ann chun folúntais bhreithiúnacha a líonadh; chun folúntais a líonadh faoin reachtaíocht chuí do Shealbhóirí Oifige, lena n-áirítear Cláraitheoirí Contae, Sirriamaí, Breithneoirí Costas Dlí, agus; do Chathaoirligh, Comhaltaí agus POFanna ar Bhoird Shibhialta, Údaráis Rialála, Binsí agus Boird Achomhairc.**	**R4**	**Rialachas Ceartais Shibhialta**
70	**Socruithe dea-chleachtais rialachais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i rith an ama i gcomhar le gach comhlachta ábhartha agus, leis sin a dhéanamh, forbairt a dhéanamh ar Chomhaontuithe Maoirseachta agus Comhaontuithe Seachadta Feidhmíochta fiúntacha; plé rialta le comhaltaí, cruinnithe foirmiúla rialachais san áireamh**	**R4**	**Rialachas Ceartais Shibhialta**

	Cuspóirí agus Gníomhartha 2022	Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
71	**Tacaíocht a thabhairt chun acmhainní a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí tosaíochta do gach gníomhaireacht ceartais shibhialta.**	**R4**	**Rialachas Ceartais Shibhialta**
72	**Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil ar Ghníomhaireachta Sibhialta na Roinne a chur i bhfeidhm faoi Threoirlínte nua ón R/CP$_7$A.**	**R4**	**Rialachas Ceartais Shibhialta**
73	**Athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Abhaile lena chinntiú go bhfuil sí réidh chun dul i ngleic le tosca athraithe eacnamaíocha agus ar aon dul leis an ngealltanas i leith acmhainní amach anseo faoi Chlár an Rialtais**		
	73.1. I gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, leis an gComh-Mheitheal agus le Bord Stiúrtha Abhaile, measúnú a dhéanamh ar na torthaí a tháinig as an athbhreithniú rialachais ar Abhaile a rinneadh in 2021	**R2**	**Rialachas Ceartais Shibhialta**
	73.2 Cur le hAthbhreithniú Straitéiseach cuimsitheach ar an scéim Abhaile i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí	**R3**	
Cuspóir - Athchóiriú rialála, athchóiriú ar cheadúnú agus athchóiriú ar an dlí sibhialta chun tacú leis an ngeilleagar agus sochaí			
74	**Chun cur leis an gclár foirmiúil oibre ar cuireadh tús leis in 2021, leanúint ar aghaidh leis an obair leis an Údarás Rialála um Chearrbhachas a chur ar bun faoi go luath in 2023. Cur chuige bainistíochta tionscadail agus foireann cláir ó fheidhmeanna éagsúla a úsáid leis sin a dhéanamh.**		
	74.1 Tacaíocht a thabhairt chun an tÚdarás Rialála um Chearrbhachas a phleanáil agus a chur ar bun	**R4**	**Rialachas Ceartais Shibhialta**
	74.2 An Bille um Rialáil Cearrbhachais a fhoilsiú	**R2**	**Reachtaíocht Ceartais Shibhialta**
	74.3 Na freagrachtaí a bheidh ar Stiúrthóir/POF ainmnithe ar rialálaí reachtúil um chearrbhachas a shocrú, an post a fhógairt go poiblí agus an Stiúrthóir/POF ainmnithe a cheapadh	**R4**	**Corparáideach**
	74.4 An Bille um Rialáil Cearrbhachais a achtú	**R4**	**Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht**
	74.5 Gníomhaíochtaí cumasaithe chun Rialálaí Cearrbhachais a chur ar bun in 2023.	**R4**	

	Cuspóirí agus Gníomhartha 2022	Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
	Cuspóir - Athchóiriú rialála, athchóiriú ar cheadúnú agus athchóiriú ar an dlí sibhialta chun tacú leis an ngeilleagar agus sochaí		
75	**Reachtaíocht a rith le haghaidh prótacail réamhchaingne nua (faillí chliniciúil) chun líomhaintí faillí a réiteach go luath, chun cumarsáid thráthúil idir páirtithe a mholadh agus chun laghdú a bhaint amach ar an líon caingne faillí cliniciúla a dhéantar** 75.1 Forálacha cumasúcháin a chur sa Bhille (Forálacha Ilghnéitheacha)	**R2**	**Reachtaíocht Ceartais Shibhialta**
76	**Scéim Ghinearálta de Bhille ar Dhlí an Chlúmhillte (Leasú) a chur i gcrích** 76.1 Athbhreithniú ar Dhlí an Chlúmhillte a fhoilsiú 76.2 An Scéim Ghinearálta a fhoilsiú	**R1** **R4**	**Reachtaíocht Ceartais Shibhialta**
77	**An Bille um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) (Leasú) a fhoilsiú chun comhlíonadh a fheabhsú agus chun EU Pilot (2016) 8426 a réiteach**	**R2**	**Reachtaíocht Ceartais Shibhialta**
78	**Treoir (2019) 1023 ón AE maidir le hAthstruchturú AE a thrasuí Tar éis comhairliúchán poiblí 2021 a chur i gcrích, na leasuithe riachtanacha leis na hAchtanna Féimheachta a ullmhú agus a chinntiú go bhfuil trasuí i bhfeidhm**	**R2**	**Reachtaíocht Ceartais Shibhialta**
79	**Athbhreithniú reachtúil a dhéanamh ar na hAchtanna um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012-2015** 79.1 Tar éis athbhreithniú reachtúil a dhéanamh ar na hAchtanna um Dhócmhainneacht Phearsanta, Scéim Ghinearálta a ullmhú don Bhille um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú) ('Uimh. 2').	**R1** **R4**	**Beartas agus Reachtaíocht Ceartais Shibhialta**
80	**Dlíthe nua a fhoilsiú agus a achtú chun an dlí ceadúnaithe a thabhairt chun dáta agus a nuachóiriú tríd an mBille um Alcól a Dhíol** 80.1 Scéim Ghinearálta den Bhille a Fhoilsiú 80.2 An Bille a fhoilsiú, súil lena achtú faoi dheireadh na bliana	**R2** **R3**	**Reachtaíocht Ceartais Shibhialta**

	Cuspóirí agus Gníomhartha 2022	Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
81	**Ról Feidhmeannach Síochána a athbhreithniú agus a athchóiriú** 81.1 Moltaí athchóirithe agus an plean forfheidhmithe a chur faoi bhráid an Aire lena gceadú	**R4**	**Soláthar Seirbhíse Ceartais Choiriúil**
82	**Gníomhaíochtaí in Tithíocht do Chách a chur chun cinn agus i bhfeidhm** 82.1 Rialáil a dhéanamh faoi fho-alt (17) in alt 18 den Acht um Fhorbairtí Ilaonad, 2011, lena chinntiú go mbíonn OMCanna inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de 82.2 Rialáil a dhéanamh faoi fho-alt (9) in alt 19 den Acht um Fhorbairtí Ilaonad, 2011, lena chinntiú go ndéanann OMCanna foráil do chaiteachas nach caiteachas athfhillteach é (is é sin caiteachas ciste fiachmhúchta) agus scrúdú a dhéanamh ar phróiseas socraithe díospóidí neamhreachtúil a thabhairt isteach 82.3 Scrúdú a dhéanamh ar bhearta chun tíolacas a luathú mar pháirt den phróiseas le talamh a dhíol agus a aistriú 82.4 Scrúdú a dhéanamh le fáil amach an bhféadfaí cur le ról gníomhairí eastáit go mbeadh orthu iniúchadh tosaigh a dhéanamh ar réadmhaoin ar léas a mhéid is féidir 82.5 Rannán nua a bhunú san Ard-Chúirt chun ceisteanna pleanála agus comhshaoil a láimhseáil	**R4**	**Reachtaíocht agus Beartas Ceartais Shibhialta** **Rialachas Ceartais Shibhialta** **Reachtaíocht Ceartais Shibhialta**
	Cuspóir - Tacú le Cróinéir Bhaile Átha Cliath Ionchoisní Stardust a chur i gcrích agus tacú le gach cróinéir a ról a dhéanamh		
83	**Gach tacaíocht dlí, riaracháin, airgeadais agus feidhme a chur ar fáil do Chróinéir Bhaile Átha Cliath le go mbeifear in ann an tIonchoisne nua ar Stardust a chur i gcrích.**	**R2**	**Rialachas Ceartais Shibhialta** **Beartas Ceartais Shibhialta**
84	**Athchóiriú ar an tseirbhís cróinéara a chur chun cinn** 84.1 Moltaí a dhéanamh tar éis an Athbhreithnithe Rialachais agus Airgeadais ar Oifig Chróinéara Dhúiche Bhaile Átha Cliath 84.2 Moltaí athbhreithnithe don tír ar fad a chur i láthair chun plean feabhsúcháin seirbhíse a chur ar fáil chun dul i ngleic le ceisteanna a aithnítear: nuálaíocht a chur chun cinn; seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú agus idirphlé le seirbhísí paiteolaíochta ar fud na tíre a fheabhsú.	**R2** **R4**	**Rialachas Ceartais Shibhialta** **Beartas Ceartais Shibhialta**

	Cuspóirí agus Gníomhartha 2022	Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
	Cuspóir - Tacaíocht a thabhairt chun costais dlí agus fad nósanna imeachta dlí a laghdú agus dul i ngleic leis an gcostas ard as árachas		
85	**Moltaí a scrúdú agus a thabhairt maidir le hathruithe lena chinntiú go ndéanfar sonraí ar chalaois árachais a fhoilsiú**	**R1**	**Beartas Ceartais Choiriúil**
86	**Tacaíocht a thabhairt don tionscnamh Éire don Dlí tar éis imeacht na Breataine ón Aontas Eorpach**	**R4**	**Gnóthaí AE**
87	**Comhlacht a ainmniú trí bhíthin Ordú ón Aire mar Chomhairle Idirghabhála chun tacú le gairm na hidirghabhála a fhorbairt mar mhalairt rogha thábhachtach seachas próisis thraidisiúnta bhreithiúnacha**	**R3**	**Rialachas Ceartais Shibhialta** **Reachtaíocht Ceartais Shibhialta**
88	**Dul chun cinn a dhéanamh ar an athbhreithniú ar an Scéim um Chúnamh Dlí Sibhialta**	**R4**	**Beartas Ceartais Shibhialta**
89	**Obair a dhéanamh go leanúnach le comhpháirtithe ar fud an Rialtais chun tús áite a thabhairt don athchóiriú ar earnáil an árachais. Bearta athchóirithe a chur i gcrích agus a chur i bhfeidhm ar athbhreithnithe a bhaineann le cúrsaí árachais:** 89.1 Ráta lascaine 89.2 Leasú leis an Acht um Dhliteanas Áititheoirí a fhoilsiú i dtaca leis na gníomhartha nach mór le háititheoir a chomhlíonadh chun an dualgas coiteann cúraim a shásamh, agus i dtaca le toimhdiú saorálach riosca ag cuairteoirí	**R1**	**Beartas Ceartais Shibhialta**
90	**Tacú le hinnéacs nua a fhorbairt le haghaidh orduithe íocaíochtaí tréimhsiúla** 90.1 Grúpa Athbhreithnithe a bhunú 90.2 Innéacs cuí a aithint agus a chomhaontú 90.3 Leasuithe reachtacha a fhoilsiú	**R1** **R1** **R2**	**Beartas Ceartais Shibhialta**
91	**Taighde eacnamaíoch ar mhúnlaí chun costais dlí a laghdú a fhoilsiú faoi réir measúnú dlí** 91.1 Taighde eacnamaíoch a chur i gcrích 91.2 Torthaí ón taighde eacnamaíoch a fhoilsiú faoi réir measúnú dlí	**R2** **R4**	**Beartas Ceartais Shibhialta**

Sprioc 3: Sábháilteacht pobal a láidriú, athchiontú a laghdú, tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh agus dul i ngleic le foréigean baile, gnéasach agus foréigean ar bhonn inscne

Sprioc 3: Sábháilteacht pobal a láidriú, athchiontú a laghdú, tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh agus dul i ngleic le foréigean baile, gnéasach agus foréigean ar bhonn inscne

Tá sé millteanach tábhachtach dúinn go bhfuil daoine ar fud na tíre ag mothú slán sábháilte sa phobal agus sa teach. Ba mhaith linn rath agus bláth a bheith ar gach pobal in Éirinn agus, leis sin a bhaint amach, caithfidh an pobal a bheith ag mothú sábháilte. Tá gealltanas tugtha againn an tsábháilteacht sin a chur ar fáil mar thoradh ar phobail a thabhairt isteach sa phlé, cionta in athuair a laghdú, daoine a athstiúradh ar shiúl ón gcoireacht agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh.

In 2021, rinneamar cuid mhór den bhunobair chun beartas sábháilteachta pobail nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina n-aithnítear nach é an Garda Síochána amháin atá freagrach as sábháilteacht an phobail agus gur gá do gach seirbhís de chuid an Stáit a bheith ag obair le pobail áitiúla. Creidimid go bhfuil na pobail féin breá ábalta fadhbanna a aithint ina gceantar féin a chuireann leis an gcoireacht agus a fhágann go mbíonn na daoine ansin ag mothú nach bhfuil sé sábháilte agus gurb iad na pobail féin is fearr a thiocfaidh ar réiteach na bhfadhbanna sin agus a bheidh in ann an obair a dhéanamh le chéile leis na fadhbanna a shocrú.

Tá seans níos mó ann go mbeidh pobal faoi bhláth má bhíonn na gnólachtaí, seirbhísí agus na daoine ansin tiomanta é sin a bhaint amach. In 2021, cuireadh trí cinn de Chomhpháirtíochtaí Píolótacha um Shábháilteacht Pobail Áitiúil (i lár na cathrach i mBaile Átha Cliath Thuaidh, ar an Longfort agus i bPort Láirge) a chuirfidh eolas ar fáil chun an múnla nua sábháilteachta pobail a chur i bhfeidhm ar fud an náisiúin sna blianta atá le teacht. I gcomhar le hionadaithe áitiúla, ionadaithe pobail, grúpaí gnó agus gníomhaireachtaí Stáit, cuirfidh pobail a bpleananna féin le chéile maidir le bealaí chun coireacht a chosc agus tús áite a thabhairt d'fhuascailtí éifeachtacha.

Úsáidfear an Ciste Nuálaíochta Sábháilteachta Pobail €2m chun fáltais urghafa na coireachta a ath-infheistiú, a fhágfaidh go mbeidh pobail áitiúla in ann maoiniú a lorg chun cabhrú leo na pleananna sábháilteachta dá bpobal a chur i bhfeidhm.

Anuraidh, thugamar tús áite don tacaíocht le haghaidh sábháilteacht pobail i bpobail faoi mhíbhuntáiste. D'fhoilsíomar tuarascáil ar an gcúis le dronga coiriúla i nDroichead Átha agus an tionchar a bhíonn acu agus cuireadh bord forfheidhmithe ar bun chun an plean a bhaint amach le sábháilteacht pobail agus folláine pobail a fheabhsú i nDroichead Átha. Shocraigh an Rialtas "béim ar leith" a leagan ar Dhroichead Átha. Chuamar i gcomhairle le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i rith na bliana chun tuarascáil Nolan a chur i bhfeidhm ar Dharndál, Belcamp agus Radharc an Mhóta. Seoladh Straitéis nua um Cheartas i leith an Aosa Óig i mí Aibreáin agus táimid ag obair i gcónaí ar thionscnaimh, agus chun tacú leo, a chuirfidh daoine óga ar threo eile seachas an choireacht. Beidh cruinnithe ag an bhfóram um Iompar Frithshóisialta, a bunaíodh anuraidh, agus déanfar plé ar nithe a imríonn tionchar ar iompar frithshóisialta i láthair na huaire.

Déanfaimid obair chun an nasc a scriosadh idir dronga agus na leanaí a bhíonn siad ag iarraidh a mhealladh i dtreo na coireachta. In 2022, déanfaimid dréachtreachtaíocht a chur chun cinn le cosc a chur ar leanaí a ghrúmáil i dtreo shaol na coireachta. San am céanna, tá clár idirghabhála pobail dar teideal "Greentown" ar bun againn i gcónaí arb é is aidhm dó an nasc a scriosadh idir dronga coirpeach agus leanaí atá bainteach le drong coirpeach nó a bhfuil baol ann go mbeidh.

Ceann de na tosaíochtaí is tábhachtaí atá againn do 2022 ná dul i ngleic le plá an fhoréigin baile agus inscne. Is é is cuspóir don chuspóir seo daoine a dhéanann coireanna a thabhairt chun an dlí agus lena chinntiú go mbíonn íospartaigh muiníneach teacht chun tosaigh agus go mbeidh a fhios acu go mbeidh tacaíocht ann dóibh má dhéanann siad sin.

I mbliana, táimid chun Straitéis Náisiúnta ar Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscne a sheoladh agus a chur i bhfeidhm. Leanfaimid ar aghaidh leis an obair chun an plean Tacú le hÍospartach ar an Aistear a chur i bhfeidhm, sin an plean atá againn chun cuidiú le híospartaigh agus finnéithe leochaileacha i gcásanna a bhaineann le foréigean gnéasach. Mar chuid de sin, táimid chun bonneagar nua a fhorbairt chun seirbhísí don fhoréigean baile, gnéasach agus inscne a eagrú agus chun tacú leis na seirbhísí sin sna Ranna go léir.

Mar sin, beifear in ann cabhrú níos fearr le híospartaigh agus tabharfar cuidiú d'eagraíochtaí atá ag obair sa réimse seo. Beidh feachtas náisiúnta feasachta poiblí ann maidir le toiliú a chuirfidh leis an obair chun na coireanna seo a chosc.

Beidh sé mar thosaíocht againn cionta coiriúla nua a thabhairt isteach, lena n-áirítear stalcaireacht agus tachtadh neamh-mharfach. Cuirfear cuid de na hathruithe atá molta inár bplean "Tacú le hÍospartach ar an Aistear" i bhfeidhm i mBille nua um Chionta Gnéis lena chinntiú go dtabharfar tacaíocht d'íospartaigh sa chóras ceartais choiriúil iomlán.

In 2021, d'fhoilsíomar an Bille um Chiontóirí Gnéis (Leasú), 2021. Déanfaidh sé sin monatóireacht agus bainistiú ciontóirí gnéis a fheabhsú. Mar sin, déanfar atitimeachas a laghdú i measc ciontóirí agus déanfar a chinntiú go mbeidh íospartaigh ag mothú níos sábháilte. Déanfaimid iarracht an reachtaíocht thábhachtach seo a achtú in 2022. Tá sé beartaithe againn dul chun cinn a dhéanamh ar aon ghníomhartha atá ag teacht as an staidéar taighde ar fhinemharú. Anuraidh, bhunaíomar an Bord Parúil nua neamhspleách ar a bhfuil comhaltaí boird agus taithí acu ar bheith ag obair le híospartaigh agus le príosúnaithe. Faoin Acht Parúil, 2019, nua, caithfidh príosúnaithe pianbhreithe saoil 12 bhliain a chur i gcrích i bpríosún sula ndéanfar iad a mheas i gcomhair parúil i gcomparáid le 7 mbliana roimhe seo. Tá critéir shoiléire fhollasacha san Acht maidir leis na modhanna a úsáidfidh an Bord Parúil le cinntí a dhéanamh, neamhspleách ar Aire na linne. Dá bharr sin, beidh trédhearcacht agus cuntasacht sa phróiseas. Creidimidne go bhfuil sé sin an-tábhachtach chun cothroime a bhaint amach d'íospartaigh na coireachta agus ó thaobh athshlánú príosúnaithe de.

An ghné thábhachtach eile den Sprioc seo ná ciontú in athuair a laghdú. An riachtanas is tábhachtaí dár mBeartas um Príosúin, trí bhíthin Plean Gníomhaíochta um Athchóiriú an Chórais Choiriúil, ná beartais a fhorbairt a dhéanfaidh atitimeachas a laghdú agus a chuideoidh chun daoine atá tar éis coireanna a dhéanamh a imeascadh ar ais sa phobal. In 2022, beidh sé mar thosaíocht againn an Bille um Chigireacht ar Áiteanna Coinneála a fhoilsiú agus, nuair a dhéanfar é a thionscnamh, beifear in ann an Prótacal Roghnach a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chéastóireacht. Beimid ag díriú ar a chinntiú go mbeidh áiteanna coinneála in Éirinn daonnachtúil, agus go mbeidh dea-rialachas agus maoirseacht chuí iontu. Déanfaimid tionscadal a chur chun cinn le Seirbhís Phríosúin na hÉireann a chur ar bhonn reachtúil leis an rialachas a fheabhsú, chun athchóirithe oibríochtúla a thabhairt isteach agus chun straitéis chorparáideach nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Beimid ag obair le Seirbhís Phríosúin na hÉireann lena chinntiú go gcuirfear córas gearán nua i bhfeidhm. In 2021, cuireadh Tascfhórsa ar bun chun imscrúdú a dhéanamh ar na dúshláin a bhíonn ag daoine agus iad ag plé leis an gCóras Ceartais Choiriúil, dúshláin a bhaineann le meabhairshláinte agus andúil. Cuirfidh an Tascfhórsa a thuarascáil deiridh ar fáil in 2022. Beidh an tuarascáil sin mar bhonn faoi athchóirithe tábhachtacha leis an gcóras a rachaidh chun tairbhe do chách a bhíonn ag plé leis chun tacú le hidirghabhálacha go luath sa phobal. Cuirfimid tacaíocht fostaíochta ar fáil do chiontóirí chomh maith leis an gceartas aisiríoch a chur chun cinn i ngach céim den chóras.

Leis na huaillmhianta seo a bhaint amach, tá ocht gcinn de chuspóirí straitéiseacha againn a bheidh mar thosaíocht againn sa dá bhliain atá romhainn:

1. Rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn mar chuid de chur chuige le go mbeidh pobail níos sábháilte ann agus obair a dhéanamh ar fud an Rialtais agus le gníomhaireachtaí Stáit chun tacú leis an sprioc seo
2. Foréigean baile, gnéasach agus inscne a chomhrac agus tacú le híospartaigh na coireachta
3. Tacaíocht ar Aistear Íospartaigh: Plean chun cabhrú le híospartaigh agus finnéithe leochaileacha i gcásanna foréigin ghnéasaigh a chur i bhfeidhm
4. Daoine óga a chur ar threo eile seachas coireacht agus iompar frithshóisialta
5. Rátaí athchiontaithe díobh siúd a chiontaítear i gcoir a laghdú
6. Ceartas aisiríoch a sholáthar ar bhealach sábháilte éifeachtach
7. An reachtaíocht a fhoilsiú chun an Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún in aghaidh Céastóireachta a chur i bhfeidhm
8. Ceannaireacht a thabhairt chun straitéisí agus gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun ciontú a laghdú agus chun tuilleadh comhleanúnachais agus comhair a thabhairt isteach san earnáil ceartais choiriúil

Táimid tar éis 34 gníomh a shocrú ionas go mbeimid in ann dul chun cinn fiúntach a dhéanamh ar an sprioc seo in 2022. Tá siad sin le fáil ar lean.

Eochairtháscairí

Is é is príomhchúram don sprioc seo a chinntiú go mbeidh daoine ag mothú go bhfuil siad sábháilte ina bpobal agus, leis sin a bhaint amach, dul i ngleic leis an atitimeachas, tacú le híospartaigh agus rannpháirtíocht pobal a lorg.

Tá bearta cainníochtúla éagsúla ar fáil atá ar aon dul le gníomhartha, lena n-áirítear, cionta gnéis a thuairisciú, daoine a athstiúradh i dtreo eile seachas coireacht agus laghdú ar an gciontú in athuair.

SÁBHÁILTEACHT AN PHOBAIL A NEARTÚ, CIONTÚ IN ATHUAIR A LAGHDÚ, TACÚ LE HÍOSPARTAIGH, DUL I NGLEIC LE FORÉIGEAN BAILE, GNÉASACH AGUS INSCNE				
Beart ionchasach	**Comhréiteach**	**Beart**	**Foinse sonraí**	**Minicíocht**
An líon cionta gnéis a thuairiscítear	Go traidisiúnta, déantar tearcthuairisciú ar chionta gnéis. Athróg ionadach mheántéarma a bheadh i gceist le freagairt níos fearr i leith cionta gnéis ná méadú le teacht ar an líon eachtraí á dtaifead.	Treo: méadú	Coireacht arna taifeadadh ag an nGarda Síochána	Go ráithiúil
Coir á déanamh ag daoine óga	Chun réimse gníomhaíochtaí athstiúrtha a mheas, tabharfar faoi anailís chun breathnú ar phróifíl an chiontaithe de réir aoise gach bliain	Treo: laghdú	Coireacht arna taifeadadh ag an nGarda Síochána	Bliantúil
Athchiontú a laghdú	Ag teacht leis an mbéim atá againn ar dhul i ngleic leis an gcion in athuair	Treo: laghdú	Staidéir ar atitimeachas a úsáideann sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh/PULSE/PIMS	Bliantúil
Sábháilteacht phoiblí: ceist ar eagla roimh choireacht agus cáilíocht na beatha	Ag teacht leis an ráiteas maidir le daoine ag mothú sábháilte sa teach. Baineann na bearta leis an tuiscint ar an gcoireacht go háitiúil agus tionchar na heagla sin roimh choireacht ar cháilíocht na beatha.	Treo: méadú	Suirbhé ar dhearcadh an phobail faoin nGarda Síochána	Bliantúil
Tacú le híospartaigh: ceist ar thaithí íospartach	Ag teacht leis an ráiteas ginearálta i dtaobh intinne maidir le tacú le híospartaigh sa chóras dlí choiriúil.	Treo: méadú	Suirbhé ar dhearcadh an phobail faoin nGarda Síochána	Bliantúil
Cionta gnéis a bhrath	Nasctha leis an ráiteas maidir le daoine a dhéanann foréigean gnéasach a thabhairt chun an dlí	Treo: méadú	Coireacht arna taifeadadh a bhraitear	Bliantúil

Cuspóirí agus Gníomhartha 2022		Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
Cuspóir - Foréigean baile, gnéasach agus inscne a chomhrac agus tacú le híospartaigh na coireachta			
92	**An Bille um Chiontóirí Gnéis (Leasú) a achtú chun na socruithe monatóireachta do chiontóirí gnéis ciontaithe a láidriú**	**R4**	**Reachtaíocht Ceartais Choiriúil**
93	**Dul chun cinn a dhéanamh ar aon ghníomhartha atá ag teacht as an staidéar taighde ar fhinemharú** 93.1 Taighde a fhoilsiú agus na chéad chéimeanna eile a shocrú	**R2**	**Trédhearcacht**
94	**An t-athbhreithniú ar Chuid 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017, a chur i gcrích agus freagraí a chur le chéile ar aon mholtaí beartais ann**	**R4**	**Beartas Ceartais Choiriúil**
95	**Dul chun cinn a dhéanamh chun struchtúir chuí a fhorbairt lena chinntiú go gcuirfear seirbhísí FBGI (Foréigean Baile, Gnéasach, Inscne) ar fáil go seasmhach agus le tacaíocht éifeachtach a thabhairt leis an tríú Straitéis Náisiúnta um FBGI a chur i bhfeidhm**	**Fós ar bun**	**Rialachas Ceartais Choiriúil**
96	**An tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscne a sheoladh agus tús a chur lena cur i bhfeidhm** 96.1 Comhairliúchán poiblí a chur i gcrích 96.2 Plean cumarsáide a fhorbairt chun tacú leis an Straitéis, eolas maidir leis an gcomhroinnt neamhdhleathach íomhánna pearsanta mar chuid de 96.3 Straitéis a chur i gcrích agus a sheoladh 96.4 Plean forfheidhmithe do 2022 a fhorbairt agus tús a chur lena chur i bhfeidhm 96.5 Comhthuiscint ar an gciall agus an tábhacht a bhaineann le toiliú a chur chun cinn - láithreán gréasáin tacaíochta mar chuid de sin 96.6 Daoine a chur ar an eolas faoi chearta íospartaigh na coireachta as líne	**R1** **R1** **R2** **R2** **R2** **R4**	**Beartas Ceartais Choiriúil, Trédhearcacht**
97	**Obair a dhéanamh leis an bPríomh-Oifig Staidrimh chun tús a chur leis an obair allamuigh ar an Suirbhé maidir le Foréigean Gnéasach**	**R3**	**Corparáideach**
Cuspóir - Ceartas aisiríoch a sholáthar ar bhealach sábháilte éifeachtach			
98	**Sásra a chur ar bun chun eolas a chur ar fáil go bhfuil an ceartas aisiríoch ar fáil i ngach céim den chóras dlí choiriúil agus chun comhsheasmhacht seirbhíse a bhaint amach lena chinntiú go mbeidh oiliúint agus cleachtas ardchaighdeáin ann** 98.1 Plean forfheidhmithe a chomhaontú	**R2**	**Beartas Ceartais Choiriúil**

	Cuspóirí agus Gníomhartha 2022	Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
	Cuspóir - Daoine óga a chur ar threo eile seachas coireacht agus iompar frithshóisialta		
99	Straitéis 2021-2027 um Cheartas i leith an Aosa Óig a chur i bhfeidhm bunaithe ar an bhfianaise agus tacaíocht ann ó thaighde REPPP 99.1 Ráiteas forfheidhmithe 2021 a fhoilsiú 99.2 An próiseas measúnaithe agus na leithdháiltí maoinithe a chur i gcrích le haghaidh Tionscadail Athstiúrtha Óige bhreisithe 99.3 Próiseas measúnaithe a chur i gcrích do Thionscadail Athstiúrtha Óige i gceantair nach bhfuil tionscadail iontu faoi láthair agus tús a chur le próiseas coimisiúnaithe	R1 R2 R3	Beartas Ceartais Choiriúil
100	Faoin bhFóram i gCoinne Iompar Frithshóisialta, athbhreithniú a dhéanamh ar chumhachtaí reatha an Gharda Síochána i dtaca le gléasanna troda dainséaracha, sceana san áireamh, lena chinntiú go mbeidh na huirlisí riachtanacha dlí ag an bhfórsa lenár bpobail a chosaint. 100.1 Ráiteas forfheidhmithe 2021 a fhoilsiú 100.2 An próiseas measúnaithe agus na leithdháiltí maoinithe a chur i gcrích le haghaidh Tionscadail Athstiúrtha Óige bhreisithe	R1 R2	Beartas Ceartais Choiriúil
101	Measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ar an Tionscnamh Pobail Rothar Streachailte agus tuairisciú don Aire ina leith	R4	Beartas Ceartais Choiriúil
102	Reachtaíocht nua a fhoilsiú chun dul i ngleic le daoine fásta a dhéanann leanaí a ghrúmáil i dtreo gníomhaíocht choiriúil	R4	Reachtaíocht Ceartais Choiriúil

Cuspóirí agus Gníomhartha 2022		Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
Cuspóir - Rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn mar chuid de chur chuige le go mbeidh pobail níos sábháilte ann agus obair a dhéanamh ar fud an Rialtais agus le gníomhaireachtaí Stáit chun tacú leis an sprioc seo			
103	**Rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn mar chuid de chur chuige le go mbeidh pobail níos sábháilte ann agus obair a dhéanamh ar fud an Rialtais agus le gníomhaireachtaí Stáit chun tacú leis an sprioc seo** 103.1 An Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Plean Forfheidhmithe Dhroichead Átha a fhoilsiú in R1 103.2 An Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Plean Forfheidhmithe Dhroichead Átha a fhoilsiú in R3	**R1** **R3**	**Beartas Ceartais Choiriúil**
104	**Tacaíocht a thabhairt do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus obair a dhéanamh leo, lena chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm an tuarascáil ar Dharndál, Belcamp agus Radharc an Mhóta i dTuaisceart Chathair BÁC**	**Fós ar bun**	**Beartas Ceartais Choiriúil**
105	**Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú agus éifeachtacht na dTreoirthionscadail um Shábháilteacht an Phobail Áitiúil agus é mar chuspóir an múnla a chur i bhfeidhm ar fud an náisiúin** 105.1 Tuarascáil meastóireachta bonnlíne a chur ar fáil maidir leis na trí cinn de Threoirthionscadail um Shábháilteacht an Phobail Áitiúil	**R1**	**Corparáideach**
106	**Ciste nuálaíochta sábháilteachta pobail a sheoladh chun fáltais ó choireacht a infheistiú chun tacú le tionscadail sábháilteachta pobail** 106.1 An ciste a sheoladh 106.2 Measúnú a dhéanamh ar an gciste	**R1** **R4**	**Beartas Ceartais Choiriúil**
Cuspóir - Tacú le hÍospartach ar an Aistear: Plean chun cabhrú le híospartaigh agus finnéithe leochaileacha i gcásanna foréigin ghnéasaigh a chur i bhfeidhm			
107	**Na gníomhartha ábhartha a bhaint amach sa phlean Tacú le hÍospartach ar an Aistear** 107.1 Fóram bliantúil/leathbhliantúil a thionól agus a óstáil in R2 agus R4 107.2 Reachtaíocht a thionscnamh chun éisteachtaí roimh an triail a chur i bhfeidhm	**R2** **R1**	**Beartas Ceartais Choiriúil, Trédhearcacht** **Reachtaíocht Ceartais Choiriúil**

Cuspóirí agus Gníomhartha 2022		Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
108	**Leanúint de ról a ghlacadh i bhforbairt sainchlár oiliúna riachtanach do bhaill den Gharda Síochána, gairmithe dlí agus daoine eile atá páirteach i gcáil ghairmiúil in imscrúduithe agus trialacha a bhaineann le cionta gnéis agus monatóireacht a dhéanamh ar an bhforbairt sin**	**R4**	**Beartas Ceartais Choiriúil**
109	**Scéim a ullmhú chun idirghabhálaithe a úsáid le haghaidh íospartaigh cionta gnéis chun clár píolótach a chur ar bun in 2023. Plé le páirtithe leasmhara a chur san áireamh agus léiriú spéise a iarraidh ar institiúidí 3ú leibhéal le hoiliúint agus creidiúnú cuí a chur ar fáil do ghairmithe oiriúnacha chun aitheantas a thabhairt dóibh mar idirghabhálaithe**	**R4**	**Beartas Ceartais Choiriúil**
110	**Dul chun cinn a dhéanamh ar an mBille um Chionta Gnéis le foráil a dhéanamh le haghaidh leasuithe ar an reachtaíocht um chionta gnéis ar aon dul leis na gealltanais sa doiciméad Tacú le hÍospartach ar an Aistear** 110.1 An Scéim Ghinearálta a fhoilsiú 110.2 An Bille a fhoilsiú	**R2** **R4**	**Reachtaíocht Ceartais Choiriúil**
111	**An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla a athchóiriú** 111.1 Moltaí a chur faoi bhráid an Rialtais maidir leis na teorainneacha uasta ar chaillteanais ábhartha agus neamhábhartha 111.2 Moltaí a chur faoi bhráid an Aire maidir le struchtúr na Scéime Cúitimh um Cheartas Coiriúil amach anseo 111.3 Tús a chur leis an obair ar Scéim Ghinearálta lena cur ar Bhonn Reachtúil	**R2** **R4** **R4**	**Soláthar Seirbhíse Ceartais Choiriúil** **Reachtaíocht Ceartais Choiriúil**
Cuspóir - Ceannaireacht a thabhairt chun straitéisí agus gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun ciontú a laghdú agus chun tuilleadh comhleanúnachais agus comhair a thabhairt isteach san earnáil ceartais choiriúil			
112	**Athbhreithniú Beartais a chur i gcrích ar loghadh agus ar scaoileadh struchtúrtha sealadach**	**R4**	**Beartas Ceartais Choiriúil**

	Cuspóirí agus Gníomhartha 2022	Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
Cuspóir - An reachtaíocht a fhoilsiú chun an Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún in aghaidh Céastóireachta a chur i bhfeidhm			
113	**An Bille um Chigireacht ar Áiteanna Coinneála a fhoilsiú ionas gur féidir Prótacal Roghnach na Náisiún Aontaithe a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i dtaca le Céastóireacht a dhaingniú** 113.1 An Scéim Ghinearálta a fhoilsiú 113.2 An Bille a fhoilsiú	**R1** **R3**	**Reachtaíocht Ceartais Choiriúil**
114	**Athbhreithniú a dhéanamh ar na feidhmeanna, cumhachtaí, nósanna imeachtaí i leith coinní agus próisis tuairiscithe reatha le haghaidh Coistí Cuairte Príosúin** 114.1 Na téarmaí tagartha a chur i gcrích chun athbhreithniú a dhéanamh 114.2 Dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha de réir mar is gá 114.3 Tuarascáil agus moladh a chur faoi bhráid an Rialtais	**R2** **R2** **R3**	**Beartas Ceartais Choiriúil, Trédhearcacht**
Cuspóir - Rátaí athchiontaithe díobh siúd a chiontaítear i gcoir a laghdú			
115	**Na gníomhartha i Straitéis Fiontar Sóisialta agus Fostaíochta 2021-2023 (Obair chun Athraithe) a bhfuil an Roinn Dlí agus Cirt i gceannas orthu a bhaint amach** 115.1 Fóram Fostóirí a bhunú, a mbeidh an Roinn Dlí agus Cirt i gceannas air, chun cuidiú a thabhairt leis na constaicí córasacha ar fhostaíocht a bhíonn roimh dhaoine a bhfuil ciontuithe coiriúla acu a laghdú 115.2 Obair a dhéanamh leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun nótaí treorach a fhorbairt le go mbeifear in ann breithnithe sóisialta a úsáid i gconarthaí ábhartha san earnáil dlí agus cirt agus ar féidir le Ranna eile Rialtais iad a úsáid 115.3 Obair a dhéanamh le Ranna eile Rialtais an Ghluaiseacht 'Síntiús Sóisialta' a fhorbairt in Éirinn.	**R1** **R3** **R4**	**Beartas Ceartais Choiriúil**
116	**Obair a dhéanamh le Tithe an Oireachtais chun an Bille um Cheartas Coiriúil (Tréimhsí Athshlánúcháin), 2018, a chur chun cinn**	**Fós ar bun**	**Beartas Ceartais Choiriúil** **Reachtaíocht Ceartais Choiriúil**
117	**Athbhreithniú a chur i gcrích ar an Acht Fíneálacha (Íoc agus Gnóthú), 2014, agus tús a chur leis na gníomhartha comhaontaithe a chur i bhfeidhm** 117.1 Athbhreithniú a chur i gcrích ar an Acht Fíneálacha agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire 117.2 Teacht ar phlean forfheidhmithe do ghníomhartha comhaontaithe a thiocfaidh as an athbhreithniú	**R3** **R4**	**Beartas Ceartais Choiriúil**

	Cuspóirí agus Gníomhartha 2022	Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
118	**Athbhreithniú beartais a dhéanamh ar an mBille um Cheartas Coiriúil (Smachtbhannaí Pobail), 2014, a chur i gcrích, bonn reachtúil le príosún a mheas mar smachtbhanna deiridh mar chuid de** 118.1 Athbhreithniú (ar an mBille Smachtbhannaí Pobail) a fhoilsiú 118.2 Scéim Ghinearálta bhailíochtaithe athbhreithnithe den Bhille a chomhaontú 118.3 An Bille a fhoilsiú	R2 R3 R4	Beartas Ceartais Choiriúil Reachtaíocht Ceartais Choiriúil
119	**Athbhreithniú a dhéanamh ar Athchóiriú ar Phríosúin agus ar an gCóras Coiriúil** 119.1 Plean Gníomhaíochta d'Athchóiriú an Chórais Choiriúil 2022 - 2024 a fhoilsiú 119.2 Comhairle Chomhairleach um Beartas Coiriúil a chur ar bun	R1 R3	Beartas Ceartais Choiriúil
120	**Tascfhórsa ardleibhéil ar dhúshláin a bhaineann le Meabhairshláinte agus cúrsaí andúile dóibh siúd a bhíonn ag plé leis an gcóras ceartais choiriúil** 120.1 Plean forfheidhmithe ardleibhéil a chur i gcrích do na moltaí ón Tascfhórsa ardleibhéil ar Mheabhairshláinte 120.2 Maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na moltaí ó phlean forfheidhmithe an tascfhórsa ardleibhéil agus tuarascálacha ráithiúla ar dhul chun cinn a thabhairt don Aire	R1 R3	Beartas Ceartais Choiriúil
121	**Rialachas ar chláir Bainistíochta Ciontóirí a chinntiú** 121.1 Measúnuithe ar thionscadail ACER a chur i gcrích	R4	Beartas Ceartais Choiriúil
122	**Prótacail a fhorbairt mar threoir le cinntí a dhéanamh faoi bhunú agus deireadh cláir chun tacú leis an gclár JARC a fhorbairt mar fhreagairt dhinimiciúil ar phatrúin áitiúla na coireachta ina ndéantar. Tá an clár ag plé le 120 cliant**	R3	Beartas Ceartais Choiriúil
123	**Tús a chur le Cláir 'Strive' agus 'Bridge' JARC a mheasúnú. An méid a fhoghlaimeofar a úsáid mar eolas agus cláir á bhforbairt amach anseo.**	R4	Beartas Ceartais Choiriúil
124	**Leanúint ar aghaidh le hathstruchtúrú ar bhainistiú ilghníomhaireachtaí ar chiontóirí, bunaithe ar athbhreithniú ar an ngá atá le hOifig Náisiúnta chun Ciontóirí a Bhainistiú**	R2	Beartas Ceartais Choiriúil
125	**Measúnú ar chlár SORAM (Measúnú agus Bainistiú Riosca Ciontóirí Gnéis) a chur i gcrích.**	R4	Corparáideach

Sprioc 4 Córas cothrom inimirce a bhaint amach san aois dhigiteach

Sprioc 4: Córas cothrom inimirce a bhaint amach san aois dhigiteach

Agus méadú suntasach ag teacht ar sheirbhísí inimirce na hÉireann i rith an ama, beifear ag díriú go leanúnach ar sheirbhísí inimirce túslíne a chur ar fáil a bheidh éifeachtúil, láidir agus dírithe ar an gcustaiméir.

Tá éagsúlacht sa tír seo againne ós rud é go socraíonn daoine teacht anseo ar cuairt, le staidéar a dhéanamh, le bheith ag obair nó le cur fúthu anseo, agus téann an éagsúlacht sin chun tairbhe na hÉireann ar bhonn eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha.

Is é is aidhm dúinn i gcónaí a chinntiú go mbeidh teacht ag úsáideoirí seirbhísí ar phróisis inimirce a bheidh pearsanta, tráthúil agus freagrúil agus, san am céanna, díriú i rith an ama ar na deiseanna a bheidh ann na seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú ar bhonn leanúnach.

Cé go raibh dúshláin mhóra ann na seirbhísí seo a chur ar fáil i rith 2021 mar gheall ar COVID-19, rinneadh iarrachtaí suntasacha dul in oiriúint do na dúshláin sin agus dul i ngleic leo chomh maith le freagairt túslíne ar an bpaindéim. Cuireadh síneadh sealadach le ceadanna inimirce agus cosanta idirnáisiúnta i rith 2021 agus leanfar leo in 2022 agus pleananna teagmhasacha ag dul in oiriúint do scála cúrsaí.

Ó thaobh forbairtí i réimse na hinimirce de, fógraíodh go mbeadh scéim shuntasach ann chun rialtacht a thabhairt don stádas inimirce atá ag na mílte imirceach fadtéarmach gan cháipéisíocht agus a dteaghlach atá ina gcónaí in Éirinn.

Osclaíodh an scéim i mí Eanáir agus fágfar go mbeidh iarratasóirí incháilithe in ann fanacht agus cur fúthu sa Stát agus rialtacht a fháil dá stádas cónaitheachta. Gealltanas tábhachtach i gClár an Rialtais atá sa scéim, agus rinneadh forbairt uirthi tar éis próiseas comhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara, ENRanna ina measc a bhíonn ag obair go díreach le daoine agus le teaghlaigh i gcásanna leochaileacha a bhaineann le cúrsaí inimirce, chomh maith le páirtithe leasmhara idir-Rannacha agus páirtithe leasmhara oibríochtúla.

Mar fhreagra ar an ngéarchéim a tháinig chun tosaigh le gairid san Afganastáin, chuaigh Éire i mbun gnímh go sciobtha agus go tuisceanach le tacaíocht agus dlúthpháirtíocht le muintir na hAfganastáine a léiriú. Tugadh isteach Clár Iontrála speisialta isteach do mhuintir na hAfganastáine agus suas le 500 spás air. Cuirfidh an clár seo ar a gcumas do náisiúnaigh na hAfganastáine, faoi láthair nó roimhe seo, atá ina gcónaí in Éirinn iarratas a dhéanamh garghaolta Afganastánacha a thabhairt chun na hÉirinn chun cónaí leo.

Beidh an Roinn chun tosaigh sna hiarrachtaí chun freagairt d'ionradh na Rúise ar an Úcráin, ar leibhéal an AE chomh maith. Cuireadh tarscaoileadh víosa i bhfeidhm láithreach agus beimid ag obair go gníomhach ar fud an Rialtais chun teacht ar bhealaí le cuidiú a thabhairt don Úcráin agus do mhuintir na tíre sin.

Táimid go hiomlán tiomanta ó thaobh na moltaí is tábhachtaí sa Tuarascáil ón Grúpa Sainchomhairleach a chur i bhfeidhm chun na hamanna próiseála a bhaineann le cinntí céadchéime agus cinntí achomhairc a laghdú go sé mhí, moltaí a thugtar sa Pháipéar Bán chun Deireadh a Chur leis an Soláthar Díreach agus Seirbhísí Tacaíochta Cosanta Idirnáisiúnta Nua a Bhunú. I rith 2022, tabharfaidh an Soláthar Seirbhísí Inimirce tús áite tríd an scéim seo dóibhsean atá go speisialta leochaileach ó thaobh an riosca dá saoirse agus sábháilteacht de.

Chuir foireann ildisciplíneach athbhreithniú ceann-go-ceann i gcrích ar phróisis cosanta idirnáisiúnta agus foilsíodh é. Tá sé sin mar pháirt den obair leanúnach chun amanna próiseála a laghdú d'iarratais ar chosaint idirnáisiúnta.

Maidir le cur chuige comhbhách i leith na saoránachta a bhaint amach, foilsíodh dréachtreachtaíocht chun ceanglais maidir le cónaí a bhaineann le headóirsiú leanaí a rugadh sa Stát a athrú ó 5 bliana go 3 bliana. Próiseáladh corradh le 11,000 iarratas ar eadóirsiú, an líon ba mhó cinntí ó bhí 2015 ann.

In 2021, seoladh Líonra um Sheirbhís do Chustaiméirí sa tSeirbhís Inimirce chun an dea-chleachtas a bhrú chun cinn agus lena chinntiú go mbeidh caighdeán comhsheasmhach seirbhíse ann

d'úsáideoirí na Seirbhíse Inimirce. Mar chuid de sin, tugadh isteach deasc chabhrach lárnach don tseirbhís do chustaiméirí. Déanfaidh an Líonra seo faireachán ar an tseirbhís do chustaiméirí agus sástacht custaiméirí chomh maith le feabhsuithe sna réimsí sin a bhrú chun tosaigh.

Tabharfar isteach bearta chun sceidealú coinní a fheabhsú do chustaiméirí a mbíonn coinní duine le duine uathu le haghaidh seirbhísí agus déanfar bearta eile a fhiosrú go leanúnach chun eispéireas an chustaiméara a fheabhsú.

Beimid ag obair go dian le réitigh dhigiteacha a chur isteach seachas próisis ar páipéar, chun cur leis na sé cinn d'iarratais dhigiteacha atá ann a úsáideadh 115,000 uair go dtí seo.

Déanfaimid sláine ár rialuithe teorann in Aerfort Bhaile Átha Cliath a chaomhnú agus déanfaimid athbhreithniú ar an mbeartas maidir le daoine a choinneáil mar gheall ar chúrsaí inimirce lena chinntiú go mbeidh rialuithe éifeachtacha i bhfeidhm ar na teorannacha sa tír ar aon dul lenár n-oibleagáidí idirnáisiúnta agus lenár slándáil náisiúnta a chaomhnú.

Déanfar dul chun cinn leanúnach le moladh an CoFPI (Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn) a chur i bhfeidhm, is é sin aistriú feidhmeanna inimirce ó Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce chun na Roinne Dlí agus Cirt. Cuirfear samhail oibríochtúil deartha don todhchaí i gcrích chomh maith le plean céimnithe forfheidhmithe lenár seirbhísí inimirce a athstruchtúrú le freastal níos fearr a dhéanamh ar ár gcustaiméirí agus ar ár dtír.

Sa dóigh is go mbeimid in ann dul chun cinn a dhéanamh ar an sprioc seo sna trí bliana atá le teacht, tá na cuspóirí straitéiseacha seo a leanas ainmnithe againn:

1. Seirbhís inimirce a fhorbairt a bheidh iomlán digiteach agus dírithe ar an gcustaiméir
2. Feidhm a bhaint as beartais straitéiseacha nua agus tograí reachtacha nua le cothroime ár gcórais inimirce a chosaint agus éifeachtúlacht an chórais a fheabhsú
3. Cumarsáid a dhéanamh leis na húsáideoirí seirbhís atá againn, an éagsúlacht ina measc a aithint agus tuiscint a léiriú ina leith agus tacú leo teagmháil éifeachtach a dhéanamh linn
4. Na seirbhísí inimirce atá againn a athstruchtúrú chun freastal níos fearr a dhéanamh ar ár gcustaiméirí agus ar ár dtír
5. É a chinntiú go mbainfear feidhm as rialuithe éifeachtacha ar ár dteorainneacha i gcomhréir lenár n-oibleagáidí idirnáisiúnta agus chun ár slándáil náisiúnta a chaomhnú
6. Fáil réidh le riaráistí próiseála i ngach cineál iarratais inimirce

Sa chaibidil seo, tugtar an 20 gníomh atá roghnaithe le dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar an sprioc seo in 2022.

Eochairtháscairí

Tá bearta feidhmíochta éagsúla ann ar féidir tuairisciú orthu sa sprioc seo, mar atá leagtha amach sa tábla. Baineann siad leis na nithe seo:

Cuspóir 1: seirbhís inimirce a fhorbairt a bheidh go hiomlán digiteach agus dírithe ar an gcustaiméir. Is féidir é seo a thomhas má úsáidtear an céatadán de na cineálacha ábhartha iarratais a fhaightear anois go digiteach. Is éard atá i gceist leis an bhfocal ábhartha ná go mbeidh cineálacha áirithe iarratais le déanamh duine le duine. Agus céatadán na bhfoirmeacha a chuirtear ar fáil go digiteach á ríomh, ní úsáidtear ach na cineálacha iarratais sin a bheadh oiriúnach don digitiú.

Cuspóir 1 agus 3: cur chuige níos dírithe ar an gcustaiméir. Tá sonraí i dtaca le sástacht custaiméirí ar fáil ó Shuirbhé SSI um Shástacht Custaiméirí a úsáidfear chun sástacht custaiméirí a mheas i gcúpla réimse de na seirbhísí a chuireann SSI ar fáil.

Cuspóir 6: Is é is aidhm don Straitéis an phróiseáil a mhéadú chun riaráistí a laghdú. Déanfaidh SSI iarracht líon na gcinntí a mhéadú i mbliana.

CÓRAS COTHROM INIMIRCE A BHAINT AMACH SAN AOIS DHIGITEACH

Beart ionchasach	Comhréiteach	Beart	Foinse sonraí	Minicíocht
Méadú 25% ar chinntiú a dhéantar sa phríomhphróiseáil SSI i gcomparáid le leibhéil 2021	Ag teacht le ham próiseála a laghdú agus fáil réidh le riaráistí	Treo: méadú	Sonraí SSI	Go ráithiúil
Iarratais ar líne	Ag teacht leis an aistriú i dtreo seirbhís a bheidh iomlán digiteach	Treo: méadú	Sonraí SSI	Bliantúil
Beart um shástacht custaiméirí/cothroime	Nasctha le seirbhís inimirce atá dírithe ar an gcustaiméir	Sástacht custaiméirí a mhéadú	Suirbhé SSI um Shástacht Custaiméirí	Go ráithiúil

	Cuspóirí agus Gníomhartha 2022	Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
	Cuspóir - Cumarsáid a dhéanamh leis na húsáideoirí seirbhís atá againn, an éagsúlacht ina measc a aithint agus tuiscint a léiriú ina leith agus tacú leo teagmháil éifeachtach a dhéanamh linn		
126	**Súil a choinneáil ar an tseirbhís do chustaiméirí agus ar shástacht custaiméirí agus feabhsú na nithe sin a bhrú chun cinn i rith an ama.** 126.1 A chinntiú go mbeidh teacht ar an láithreán gréasáin sna teangacha is coitianta atá ag na custaiméirí atá againn. 126.2 Leas a bhaint as córais le súil a choinneáil ar sheirbhís do chustaiméirí agus ar shástacht custaiméirí le feabhsuithe a dhéanamh. 126.3 Úsáid leanúnach a bhaint as an bhFóram ENR Inimirce agus as Fóram Úsáideora Fostóirí um Imirce Eacnamaíoch chun fadhbanna móra a bhaineann le seirbhís do chustaiméirí a aithint agus a réiteach. 126.4 Intleacht shaorga a úsáid leis an tseirbhís a chuirimid ar fáil do chustaiméirí a fheabhsú (lena n-áirítear, mar shampla, botaí comhrá, bainistiú ríomhphoist)	R1 R1 R1 R4	Soláthar Seirbhísí Inimirce
127	**Feidhm na seirbhíse do chustaiméirí a chur i bhfeidhm go lárnach.** 127.1 Feidhm lárnach na seirbhíse do chustaiméirí a leathnú ar bhonn céimnithe chuig réimsí eile de SSI.	R3	Soláthar Seirbhísí Inimirce
	Cuspóir - Seirbhís inimirce a fhorbairt a bheidh iomlán digiteach agus custaiméirlárnach		
128	**Réiteach ar líne na bhfoirmeacha ar SSI a fheabhsú chun an próiseas rannpháirtíochta do chustaiméirí SSI a uathoibriú níos mó** 128.1 An plean forbartha do 2022 a chomhaontú 128.2 Feidhm tacaíochta táirgthe a thabhairt isteach d'fhoirmeacha reatha 128.3 Beimid ag obair chun foirmeacha ar líne a chur ar fáil seachas sé cinn de phróisis ar páipéar	R1 R1 R4	Soláthar Seirbhísí Inimirce Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht
	Cuspóir - Seirbhís inimirce a fhorbairt a bheidh iomlán digiteach agus custaiméirlárnach		
129	**Cuirfear leis an úsáid a bhaintear as ríomh-ghrinnfhiosrú i gcás catagóirí d'iarratasóirí ar an tseirbhís inimirce, rud a chuireann leis an éifeachtúlacht le hiarratais a ghrinnfhiosrú.** 129.1 Ríomh-ghrinnfhiosrú a úsáid don Scéim tugtha chun Rialtachta d'imircigh atá gan cáipéisí go fadtéarmach	R1	Soláthar Seirbhísí Inimirce
130	**Tabharfar isteach bearta leis an sceidealú coinní a fheabhsú i gcás custaiméirí a dteastaíonn coinní duine le duine uathu le haghaidh seirbhísí.** 130.2 Bearta eile nó bearta eile a fhiosrú i rith an ama chun cur le heispéireas úsáideoirí 130.1 Tástáil a dhéanamh ar an gcóras nua ar líne le coinní a chur in áirithe.	R1 R2	Soláthar Seirbhísí Inimirce

	Cuspóirí agus Gníomhartha 2022	Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
Cuspóir - Seirbhís inimirce a fhorbairt a bheidh iomlán digiteach agus custaiméirlárnach			
131	**Bealaí inar féidir linn glacadh le híocaíochtaí ar líne as iarratais víosa a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm** 131.1 AVATS a nuashonrú in 2022 le híocaíochtaí a thabhairt isteach in 2023	**R4**	**Soláthar Seirbhísí Inimirce**
132	**Staitisticí a fhoilsiú, dhá uair sa bhliain ar a laghad, faoin líon iarratas a fuarthas, cásanna a cuireadh i gcrích, agus an fad a thógann sé de ghnáth iarratais a phróiseáil i ngach réimse inimirce** 132.1 Staitisticí a fhoilsiú 132.2 Forbairt leanúnach a dhéanamh ar mhéadracht a bheidh mar thaca agus mar spreagadh faoi fheabhsuithe do chustaiméirí bunaithe ar thorthaí.	**R2**	**Soláthar Seirbhísí Inimirce**
133	**Laghduithe intomhaiste a bhaint amach in amanna próiseála cásanna i ngach réimse agus béim ar leith ar iarratais ar shaoránacht agus ar Chearta faoi Chonradh AE** 133.1 Saoránacht: 15,000 cinneadh déanta 133.2 CCAE: 7,000 cás próiseáilte 133.3 CCAE: Oiliúint shaincheaptha ar líne a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ionas go dtabharfar cinntí cothroma ar bhealach éifeachtúil.	**R4**	**Soláthar Seirbhísí Inimirce**
134	**An t-am próiseála a laghdú i gcás iarratais um Shaoráil Faisnéise agus iarratais daoine ar a sonraí** 134.1 A chinntiú go n-aithnítear é seo mar bheart tábhachtach i dtionscnaimh éifeachtúlachta agus dhigitithe	**R1**	**Soláthar Seirbhísí Inimirce**
Cuspóir - É a chinntiú go mbaintear feidhm as rialuithe éifeachtacha ar ár dteorainneacha i gcomhréir lenár n-oibleagáidí idirnáisiúnta agus chun ár slándáil náisiúnta a chaomhnú			
135	**Athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas a bhaineann le daoine atá á gcoinneáil ar chúiseanna inimirce a coinneáil i bpríosúin** 135.1 Plean gníomhaíochta a chríochnú, a athbhreithniú agus a fhorbairt. 135.2 Tús a chur leis an bplé le páirtithe leasmhara faoin bplean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm	**R2** **R4**	**Soláthar Seirbhísí Inimirce**

	Cuspóirí agus Gníomhartha 2022	Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
136	**Sláine na rialuithe teorann in Aerfort BÁC a choinneáil.** 136.1 Oiliúint agus treoir oibríochtúil a choinneáil ar bun chun tacú le feidhm an rialaithe teorann. 136.2 Súil a choinneáil go leanúnach ar amanna próiseála inimirce. 136.3 Tacú le bearta sláinte poiblí a bhaineann le COVID-19 de réir mar is gá	**Fós ar bun**	**Soláthar Seirbhísí Inimirce**
137	**Leanúint leis an gcomhoibriú agus plé ar nithe straitéiseacha agus oibríochtúla chun sláine an Chomhlimistéir Taistil a chaomhnú.** **137.1 Dhá chruinniú a reáchtáil de Chomhfhóram Comhlimistéir Taistil na Roinne Dlí agus Cirt agus na hOifige Gnóthaí Baile**	**R2 is R4**	**Soláthar Seirbhísí Inimirce**
138	**An Scéim tugtha chun Rialtachta d'imircigh atá gan cáipéisí go fadtéarmach a chur i bhfeidhm** 138.1 Tús a chur le hiarratais a ghlacadh faoin scéim tugtha chun rialtachta. Próiseas ar líne a úsáid a bheidh soláimhsithe ag custaiméirí. 138.2 Iarratais a phróiseáil go héifeachtúil i gcás na n-iarratas neamhchoimpléascach ar fad faoin scéim.	**R1** **R4**	**Soláthar Seirbhísí Inimirce**
139	**Cur le hathruithe ar reachtaíocht agus beartas a fhorbairt mar a aithneoidh Aonaid SSI iad** 139.1 Dearadh ardleibhéil a chomhaontú chun Coiste Duine Aonair a athstruchtúrú	**R1**	**Soláthar Seirbhísí Inimirce**
Cuspóir - Feidhm a bhaint as beartais straitéiseacha nua agus tograí reachtacha nua le Cothroime ár gcórais inimirce a chosaint agus éifeachtúlacht an chórais a fheabhsú			
140	**Na moltaí a tugadh don Roinn seo a sholáthar ina n-iomláine a fuarthas ó Thuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh maidir le Tacaíocht a Thabhairt, Cóiríocht do Dhaoine sa Phróiseas Cosanta Idirnáisiúnta san áireamh (Grúpa Comhairleach Catherine Day).** 140.1 Próiseas a chur i bhfeidhm chun cead a thabhairt d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta iarratas a dhéanamh ar stádas inimirce más rud é go bhfuil iarratas fós le réiteach acu agus iad i bpróiseas an iarratais ar thearmann le 2 bhliain ar a laghad. 140.2 Riaráistí a laghdú agus an chéad chinneadh a fháil i dtréimhse níos lú ná sé mhí, a bheadh ag teacht leis an amlíne le haghaidh córas cóiríochta nua a thugtar sa Pháipéar Bán, lena n-áirítear éifeachtúlachtaí níos fearr i bpróiseáil agus clárú cásanna 140.3 Forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh ar reachtaíocht phríomha agus thánaisteach ar shaoránacht, inimirce agus cosaint idirnáisiúnta de réir mar is gá 140.4 Anailís a chur i gcrích i dtaca le straitéis a threorú d'iarratasóirí nach n-éiríonn leo nach bhfuil in ann filleadh ar a dtír dhúchais agus i dtaca leis an moladh ar ról an Ombudsman 140.5 Na moltaí ón Athbhreithniú ceann-go-ceann a chur i bhfeidhm 140.6 Tá plean do na moltaí le cur i bhfeidhm in 2023	**R1** **R3** **R4** **R4** **R4** **R4**	**Soláthar Seirbhísí Inimirce** **Reachtaíocht Ceartais Shibhialta** **Beartas Ceartais Shibhialta** **Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht**

	Cuspóirí agus Gníomhartha 2022	Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
141	**Athbhreithniú ar an tionchar ó na feabhsuithe ar an Rochtain ar an Margadh Saothair a tugadh isteach in 2021.**	**R3**	**Soláthar Seirbhísí Inimirce**
142	**Bearta ón gComhchóras Eorpach Tearmainn a aithint a mbeidh Éire in ann glacadh leo anois nó amach anseo nuair a bheidh bearta i gComhshocrú Nua an AE maidir le hImirce agus Tearmann glactha** 142.1 Bearta reatha - Leanúint ar aghaidh leis an anailís agus plé leis na ranna ábhartha Rialtais chun an staid mholta a threorú. 142.2 Bearta i gComhshocrú an AE - Leanúint ar aghaidh leis an bplé ós rud é go bhfuil idirbheartaíocht fós ar bun faoi na bearta, ní féidir glacadh le bearta faoi leith go dtí go nglacfaidh Parlaimint agus Comhairle na hEorpa iad.	**R4** **Le deimhniú** **(É seo ag brath ar fhorbairtí ar leibhéal an AE)**	**Soláthar Seirbhísí Inimirce** **Beartas Ceartais Shibhialta**
143	**Forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh ar reachtaíocht phríomha agus thánaisteach ar shaoránacht, inimirce agus cosaint idirnáisiúnta de réir mar is gá**	**R4**	**Reachtaíocht Ceartais Shibhialta**
144	**Samhail deartha don am atá romhainn a chur i gcrích do sheirbhísí inimirce chomh maith le plean céimnithe forfheidhmithe don tsamhail chéanna.** 144.1 Plean nuachóirithe a chomhaontú agus a thionscnamh ar Shamhail nua le haghaidh Soláthar Seirbhísí Inimirce, lena n-áirítear aistriú i dtreo struchtúr samhla feidhmiúla, próisis a shimpliú agus córas nua cásbhainistithe. 144.2 Athbhreithniú a dhéanamh ar rogha na víosa il-iontrála cúig bliana agus í a chur ar fáil do thíortha eile 144.3 Foireann Soláthair Samhla Oibriúcháin a chur i bhfeidhm 144.4 Athbhreithniú a dhéanamh ar chineálacha eile iarratais a bhféadfaí iad a aistriú chuig samhail réamh-imréitigh agus, mar sin, cinnteacht a thabhairt d'iarratasóirí roimh theacht dóibh go hÉirinn.	**R2** **R2** **R2** **R4**	**Soláthar Seirbhísí Inimirce**

Cuspóirí agus Gníomhartha 2022		Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
Cuspóir - Na seirbhísí inimirce atá againn a athstruchtúrú chun freastal níos fearr a dhéanamh ar ár gcustaiméirí agus ar ár dtír			
145	**Dul chun cinn a dhéanamh ar aistriú leanúnach feidhmeanna inimirce ó Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce chun na Roinne Dlí agus Cirt.** 145.1 Plean a chur i gcrích agus a fhoilsiú chun na feidhmeanna inimirce ar fad a aistriú chun na Roinne 145.2 Tús a chur le haistriú ar bhonn píolótach de gach feidhm a bhaineann le clárú. 145.3 Measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí a bhainfeadh leis na moltaí ginearálta a chur i bhfeidhm a bhaineann le feidhmeanna inimirce sa doiciméad Seirbhís Póilíneachta don Todhchaí.	**R2** **R3** **R4**	**Soláthar Seirbhísí Inimirce**

Non-European
Closed
INIMIRCE
An Roinn Dli agus Cirt agus Comhionannais
Department of Justice and Equality
IMMIGRATION

Sprioc 5 Dlús a chur leis an nuálaíocht, le claochlú digiteach agus le gníomhú ar son na haeráide in earnáil an cheartais ar fad

Sprioc 5: Dlús a chur leis an nuálaíocht, le claochlú digiteach agus le gníomhú ar son na haeráide ar fud na hearnála dlí agus cirt

Leanfaidh sé de bheith ríthábhachtach dlús a chur faoin nuálaíocht, faoi chlaochlú digiteach agus faoi ghníomhú ar son na haeráide san earnáil dlí agus cirt ar fad d'fhonn na leasuithe suntasacha atá inár bPlean a bhaint amach.

Beimid ag leanúint de bheith ag obair lenár ngníomhaireachtaí ar fad san earnáil dlí agus cirt chun an clár oibre Digiteach ar dTús a chur i ngníomh. Tosaíocht lárnach don Roinn atá sa mhéid sin don phlean trí bliana seo agus sna deich mbliana atá romhainn.

Tá an freastal ar an bpobal lárnach i ngach a ndéanaimid agus tá an clár oibre Digiteach ar dTús agus an clár oibre um nuachóiriú mar bhonn faoi gach ceann dár spriocanna straitéiseacha.

In 2021, thosaigh an obair le 'droichead' a thógáil leis an Roinn agus an Néal a nascadh ionas go mbeifí in ann acmhainní sa Néal a úsáid. Chun cur leis sin in 2022, táimid chun malartán teachtaireachtaí leictreonacha a thabhairt isteach idir gníomhaireachtaí ceartais choiriúil, seachas na próisis láimhe atá ann faoi láthair, ionas go mbeifear in ann eolas a chomhroinnt níos mó agus le go mbeidh tuilleadh comhoibrithe ann.

Beimid ag obair chomh maith lena chinntiú go ndéanfar córais a chomhtháthú san earnáil dlí agus cirt ar fad, a fhágfaidh go mbeifear in ann faisnéis a chomhroinnt go sábháilte agus go gasta idir gníomhaireachtaí agus go mbeidh daoine agus gnólachtaí in ann teacht ar chomhlachtaí rialála go héifeachtach. Beidh sé sin mar chuidiú againn a chinntiú go bhfuilimid ag baint gach leas as ár n-acmhainní agus ag obair chomh héifeachtúil éifeachtach agus is féidir in earnáil an cheartais.

Tugaimid tús áite don inbhuanaitheacht mar Roinn agus ar fud an Rialtais. I gcaitheamh na bliana 2021, thugamar faoin ídiú fuinnimh a bhainistiú agus a laghdú, rinneamar forbairt ar phleananna chun próisis agus seirbhísí cuí a dhigitiú san fheidhm Soláthar Seirbhísí Inimirce ina mbítear ag brath go mór ar pháipéar, rinneamar pleanáil gníomhaíochta éifeachtúlachta acmhainní do gach foirgneamh atá ag an Roinn Dlí agus Cirt agus chuireamar critéir inbhuanaitheachta isteach nuair ba chuí agus measúnú á dhéanamh ar thairiscintí ar earraí agus seirbhísí.

Táimid go hiomlán dúthrachtach i dtaobh ár n-oibleagáidí agus freagrachtaí i leith na haeráide agus na hinbhuanaitheachta a bhaint amach. Tosaíocht thábhachtach atá ann do 2022 an Ráiteas Beartais Aeráide a fhorbairt don Roinn Dlí agus Cirt. Beimid ag obair i rith an ama chun lorg carbóin na Roinne Dlí agus Cirt a laghdú. Leis sin a dhéanamh, déanfar an fheasacht ar an tionchar aeráide a fhí isteach sna Creata Bainistíochta Tionscadail, mar a cuireadh i bhfeidhm in 2021.

Mar Roinn, ba mhaith linn a chinntiú go bhfuilimid nuálach. Is mian linn a bheith ábalta freagairt d'athruithe, a bheith réidh le haghaidh teicneolaíochtaí nua agus teacht ar dheiseanna nua chun an tseirbhís a fheabhsú dóibh siúd a bhfuilimid ag freastal orthu. In 2021, baineadh úsáid as Scórchárta Nuálaíochta na hEarnála Poiblí chun iniúchadh a dhéanamh ar an nuálaíocht sa Roinn Dlí agus Cirt. Rinneamar athbhreithniú chomh maith ar Straitéis Nuálaíochta na hEarnála Poiblí agus chruthaigh muid anailís ar bhearnaí inár Roinn féin lena chinntiú go bhfuil an Straitéis um an Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (ATN) ag teacht le straitéis nuálaíochta na seirbhíse poiblí agus leis an dea-chleachtas.

Agus ár seirbhísí á n-athdhearadh againn, díreofar ar an inbhuanaitheacht, ar réitigh dhigiteacha agus ar an lorg carbóin a laghdú agus struchtúir chuí rialachais agus mhaoirseachta á gcur ar bun againn.

In 2022, déanfaimid infheistíocht fós san ATN leis an am a chaitear ar pháipéarachas a laghdú ar fud na hearnála agus leis an eispéireas de sheirbhís an chustaiméara a fheabhsú do gach duine a úsáideann ár seirbhísí.

Beidh feidhm soláthair na Seirbhíse Inimirce ag obair ar straitéis digitithe a chur i bhfeidhm, san aistriú chuig samhail fheidhmiúil fheabhsaithe, trína dtabharfar isteach níos mó éifeachtúlachta agus a chinnteoidh go mbeidh an t-úsáideoir lárnach i ngach seirbhís a fhorbróimid agus a chuirfimid ar fáil. Táimid ag aistriú i dtreo seirbhís dhigiteach inimirce a bheidh go hiomlán ar líne.

Tabharfaidh an Roinn tacaíocht don Gharda Síochána ar bhonn leanúnach le go mbeidh teicneolaíocht úrnua ag an bhfórsa ionas go mbeidh siad in ann a bpoist a dhéanamh agus teacht acu ar fhaisnéis shlán fhíor-ama agus iad amuigh ar dualgas. D'fhágfadh sé sin go mbeadh tuilleadh baill den Gharda Síochána ar patról mar gheall ar an am a shábhálfaí sa stáisiún.

Mar thoradh ar dhul chun cinn a dhéanamh ar an gclár nuachóirithe don tSeirbhís Cúirteanna, fágfar go mbeidh Cúirteanna ann a bheidh níos éifeachtaí, níos éifeachtúla agus go mbeidh teacht níos fearr ar an gceartas acusan a bhíonn ag plé le córas na gCúirteanna.

Beidh sé cinn de chuspóirí straitéiseacha mar threoir againn inár gcuid oibre sa réimse seo sa dá bhliain atá le teacht:

1. Seirbhísí digiteacha a mhéadú go mór ar fud earnáil an cheartais mar thacaíocht chun an Garda Síochána, an tSeirbhís Cúirteanna agus an Roinn Dlí agus Cirt féin a nuachóiriú, na seirbhísí inimirce atá againn mar chuid de sin
2. Córais teachtaireachtaí digiteacha a chomhtháthú ar fud earnáil an cheartais le go mbeifear in ann faisnéis a chomhroinnt níos mó agus le go mbeidh níos mó comhoibrithe ann
3. Pleananna agus beartais a chur i bhfeidhm ar fud na hearnála – bainistiú flíteanna feithiclí agus eastát san áireamh – chun spriocanna sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhaint amach
4. Agus ár seirbhísí á n-athdhearadh, béim a leagan ar an inbhuanaitheacht, fuascailtí digiteacha agus ár lorg carbóin a laghdú.
5. A chinntiú go mbíonn an té a úsáideann an tseirbhís i gcroílár gach seirbhíse a ndéanaimid forbairt uirthi in earnáil an cheartais
6. Straitéisí nuálaíochta agus ceannaireachta a fhorbairt d'earnáil an cheartais.

Sa chaibidil seo, leagtar amach na 14 ghníomh a bhainfear amach in 2022 le dul chun cinn suntasach a dhéanamh i leis na cuspóirí seo a bhaint amach.

Cuspóirí agus Gníomhartha 2022		Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
Cuspóir - Straitéisí nuálaíochta agus ceannaireachta a fhorbairt d'earnáil an cheartais			
146	**Creat Bainistithe Athruithe a fhorbairt don Roinn.**	**R3**	**Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht**
147	**Straitéis Nuálaíochta d'earnáil an Cheartais a fhorbairt agus a fhoilsiú**	**R2**	**Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht**
148	**Tacú le struchtúir chuí rialachais agus mhaoirseachta a chur ar bun chun straitéis ATN a chur i bhfeidhm**	**R4**	**Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht**
149	**Creat Bainistíochta Tionscadal agus Modheolaíocht a neadú sa Chlár, sa Bhainistíocht Tionscadal agus ar fud na Roinne** 149.1 Straitéisí bainistíochta Tionscadal agus Lámhleabhar a fhorbairt 149.2. Oiliúint a chur ar fáil do bhainisteoirí agus d'úsáideoirí	**R2**	**Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht**
Cuspóir - Seirbhísí digiteacha a mhéadú go mór ar fud earnáil an cheartais mar thacaíocht chun an Garda Síochána, an tSeirbhís Cúirteanna agus an Roinn Dlí agus Cirt féin a nuachóiriú, na seirbhísí inimirce atá againn mar chuid de sin			
150	**A chinntiú go gcuirtear an trealamh agus na huirlisí cuí do bhaill foirne go mbeidh siad in ann a gcuid oibre a dhéanamh go slán ar an láthair agus go cianda má cheadaítear a leithéid chun tacú leis an obair chumaisc**	**R1**	**Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht**
Cuspóir - Pleananna agus beartais a chur i bhfeidhm ar fud na hearnála – bainistiú flíteanna feithiclí agus eastát san áireamh – chun spriocanna sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhaint amach			
151	**Ráiteas Beartais Aeráide a fhoilsiú don Roinn Dlí agus Cirt ina leagfar amach an dóigh a mbainfidh earnáil an cheartais a spriocanna aeráide agus fuinnimh amach, soláthar poiblí glas a úsáid mar chuid de sin**	**R4**	**Corparáideach**
Cuspóir - Agus ár seirbhísí á n-athdhearadh, béim a leagan ar an inbhuanaitheacht, fuascailtí digiteacha agus ár lorg carbóin a laghdú.			
152	**Liosta tosaíochtaí a chur le chéile agus tús a chur le hiarratais mhóra choimpléascacha a athfhorbairt ar ardáin sheasmhacha nua-aimseartha**	**Fós ar bun**	**Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht**

Plean Dlí agus Cirt 2022

Cuspóirí agus Gníomhartha 2022		Dáta an tSoláthair	Úinéir an Ghnímh
153	**Critéir inbhuanaitheachta a chur isteach nuair is cuí agus measúnú á dhéanamh ar thairiscintí le haghaidh earraí agus seirbhísí**	**R4**	**Corparáideach**
Cuspóir - Straitéisí nuálaíochta agus ceannaireachta a fhorbairt d'earnáil an cheartais			
154	**Feasacht ar an Tionchar Aeráide a fhí isteach sa Chreat Bainistíochta Tionscadail chun lorg carbóin tionscadal a laghdú**	**R1**	**Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht**
Cuspóir - Córais dhigiteacha a chomhtháthú ar fud earnáil an cheartais le go mbeifear in ann faisnéis a chomhroinnt níos mó agus le go mbeidh níos mó comhoibrithe ann			
155	**An Plean Gníomhaíochta le haghaidh Seirbhís do Custaiméirí agus an Chairt Custaiméirí a chur i gcrích agus a fhoilsiú**	**R1**	**Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht**
156	**Tacú le SSI a straitéis digitithe a chur i bhfeidhm agus iad ag aistriú chuig samhail fheidhmiúil fheabhsaithe.**	**R3**	**Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht**
157	**Leanúint d'fheidhmiúlacht an Mhoil Oibríochtaí Ceartais Choiriúil a chur i bhfeidhm** 157.1 Snáithe 1 - rialachas a bhunú agus dul ar aghaidh chuig Taighde agus Anailísíocht trasearnála 157.2 Snáithe 2 - cur leis an úsáid a bhaintear as teachtaireachtaí leictreonacha idir gníomhaireachtaí ceartais choiriúil seachas na próisis láimhe reatha	**R4**	**Corparáideach**
158	**Bog ascnamh Lotus Notes le haghaidh córais neamhchoimpléascacha chuig timpeallacht iomlán táirgthe le píblíne forbartha iarratas**	**R4**	**Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht**
159	**Tionscnaimh a chur chun cinn arb é is aidhm dóibh Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht (CEI) a chur chun cinn in earnáil an cheartais trí chéile.** 159.1 Straitéis CEI na Roinne Dlí agus Cirt a fhoilsiú 159.2 Tús a chur leis an obair chun tuilleadh tionscnaimh CEI a aithint ar fud earnáil an cheartais	**R1** **R2**	**Corparáideach**

INFORMATION
2
3

Aguisín

Sa Phlean Dlí agus Cirt i mbliana, tugadh isteach sraith de thomhais chainníochtúla chun an leibhéal gníomhaíochta agus leibhéil na dtorthaí a rianú. Rud sách nua é tomhais mar seo a úsáid. Mar sin féin, táthar ag aithint de thoradh iad a thabhairt isteach go bhféadfaidh tomhais mar seo tacú le hobair na Roinne sa tréimhse lena mbaineann an Ráiteas Straitéise. Cuirfidh na tomhais seo ar chumas na Roinne na nithe seo a leanas a dhéanamh:

Na pleananna atá againn 'a stiúradh agus a rialú' agus súil a choinneáil ar ghníomhaíochtaí lena chinntiú go mbainfear na torthaí amach. Beidh siad mar chuidiú againn a aithint an bhfuil aon chonstaicí romhainn an dul chun cinn atá uainn a bhaint amach agus le heolas a chur ar fáil le haghaidh gníomh ceartaitheach.

Má úsáidtear tomhais mar seo is féidir tacú le timpeallacht foghlama. Má dhéanaimid na tomhais seo a rianú, féadaimid na nithe atá éifeachtach a aithint agus tógáil ar an méid sin. Ar an dóigh chéanna, is féidir linn fadhbanna a aithint agus a chinntiú nach ndéanfaimid na botúin chéanna arís.

Beidh níos mó trédhearcachta ann dá bharr agus beidh tomhais chainníochtúla ar fáil don phobal maidir le dul chun cinn na Roinne i gcomparáid le príomhchuspóirí na Roinne.

Mar a luadh, seo treo nua don Roinn Dlí agus Cirt. Dá bhrí sin, déanfaimid athbhreithniú agus forbairt ar na tomhais sna blianta atá le teacht, lena chinntiú go mbeidh siad láidir go leor don fheidhm a mbainfear astu. Déanfaimid na tomhais reatha atá againn a leagan amach. Tabharfaimid níos mó eolais faoin gcaoi a ndéanfar iad a thomhas i bplean 2022 (leagfar amach blianta bonnlíne, tabharfar foinsí sonraí agus faisnéise a úsáidtear, déanfar an sprioc uimhriúil a ainmniú - mar shampla, i gcás an mhéadaithe 25% ar chinntí atá déanta don SSI).

An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice